



---

*Seisiún iomlánach*

---

**A9-0366/2023**

16.11.2023

# TUARASCÁIL

ar ghalair neamhtheagmhálacha (NCDanna)  
(2023/2075(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: Erik Poulsen

## CLÁR

### Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	36
IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .....	37
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT .....	38
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....	49
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	49

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

### ar ghalair neamhtheagmhálacha (NCDanna) (2023/2075(COD))

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint d’Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte (‘Clár EU4Health’) don tréimhse 2021-2027<sup>1</sup>,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna i gcás táirgí íocshláinte agus feistí leighis<sup>2</sup>,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2371/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE<sup>3</sup>,
- ag féachaint dá rún an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip<sup>4</sup> agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an an gComhaontú Glas don Eoraip (COIM(2019)0640),
- ag féachaint do rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht<sup>5</sup> agus do theachtairacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability — Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht — I dtreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí] (COM(2020)0667),
- ag féachaint do rún uaithi an 24 Samhain 2021 maidir le straitéis chógaisíochta don Eoraip<sup>6</sup> agus do theachtairacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 dar teideal ‘Straitéis Chógaisíochta don Eoraip’ (COM(2020)0761),
- ag féachaint do rún uaithi an 16 Feabhra 2022 maidir leis an Eoraip a neartú sa chomhrac in aghaidh na hailse — i dtreo straitéis chuimsitheach agus chomhordaithe<sup>7</sup> agus do theachtairacht ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 dar teideal Europe’s Beating Cancer Plan [Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac] (COM(2021)0044),
- ag féachaint do rún uaithi an 23 Samhain 2022 maidir le diaibéiteas a chosc, a bhainistiú

---

<sup>1</sup> IO L 107, 26.3.2021, lch. 1.

<sup>2</sup> IO L 20, 31.1.2022, lch. 1.

<sup>3</sup> IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.

<sup>4</sup> IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.

<sup>5</sup> IO C 371, 15.9.2021, lch. 75.

<sup>6</sup> IO C 224, 8.6.2022, lch. 47.

<sup>7</sup> IO C 342, 6.9.2022, lch. 109.

- agus cúram níos fearr a thabhairt dó san Aontas ar ócáid Lá Domhanda an Diaibéitis<sup>8</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 12 Iúil 2023 maidir le paindéim COVID-19: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí<sup>9</sup>,
  - ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 dar teideal ‘Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Phlean Gníomhaíochta Uile-AE: ‘I dtreo Truailliú Nialasach le haghaidh an Aeir, an Uisce agus na hIthreach’ (COM(2021)0400),
  - ag féachaint don tionscnamh ón gCoimisiún ó mhí na Nollag 2021 dar teideal ‘Healthier together — EU non-communicable diseases (NCD) initiative’ [‘Níos folláine le chéile — tionscnamh an Aontais Eorpaigh maidir le galair neamhtheagmhálacha (NCD)’]<sup>10</sup>,
  - ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 dar teideal ‘Cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte’ (COM(2023)0298),
  - ag féachaint do Chinneadh ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte<sup>11</sup>,
  - ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2022 le haghaidh rialachán maidir leis an spás Eorpach sonraí sláinte (COM(2022)0197),
  - ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2023 le haghaidh rialachán lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (COM(2023)0193) agus le haghaidh treoir maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (COM(2023)0192),
  - ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Samhain 2022 dar teideal EU Global Health Strategy – Better Health for All in a Changing World [Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú] (COM(2022)0675),
  - ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, agus go háirithe SDG 3, spriocanna 4 agus 8,
  - ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,
  - ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh 2014-2020 um Murtall i measc Leanaí,
  - ag féachaint do Straitéis Dhomhanda Sláinte an Aontais Eorpaigh an 30 Samhain 2022,
  - ag féachaint do chreat na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) an 18 Bealtaine 2023

---

<sup>8</sup> IO C 167, 11.5.2023, lch. 36.

<sup>9</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2023)0282.

<sup>10</sup> An Coimisiún Eorpach, ‘[Healthier together – EU non-communicable diseases initiative](#)’, Nollaig 2021.

<sup>11</sup> IO C 393 I, 29.9.2021, lch. 3.

- dar teideal ‘Creat seachadta seirbhíse sláinte chun murtall a chosc agus a bhainistiú’,
- ag féachaint do phlean 2022 EDS dar teideal ‘Plean luasghéaraithe chun tacú leis na Ballstáit na moltaí a chur chun feidhme maidir le murtall a chosc agus a bhainistiú ar feadh an tsaol’,
  - ag féachaint do thuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) an 8 Nollaig 2022 dar teideal ‘Measúnú faireacháin ar thruailliú nialasach’,
  - ag féachaint do thuarascáil LEE Uimh. 21/2019 an 8 Meán Fómhair 2020 dar teideal ‘*Healthy environment, healthy lives: how the environment influences health and well-being in Europe*’, [Timpeallacht shláintiúil, saolta sláintiúla: an tionchar atá ag an gcomhshaol ar shláinte agus ar fholláine san Eoraip],
  - ag féachaint don staidéar ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2023 dar teideal ‘Scoping study on evidence to tackle high-burden under-researched medical conditions’ [Staidreamh scóipe ar fhianaise chun dul i ngleic le riochtaí sláinte faoi ualach ard nach bhfuiltear ag déanamh dóthain taighde orthu]<sup>12</sup>,
  - ag féachaint do staidéar ó EDS an 8 Nollaig 2021 dar teideal ‘Monitoring non-communicable disease commitments in Europe 2021’ [Faireachán a dhéanamh ar ghealltanais maidir le galair neamhtheagmhálacha san Eoraip 2021],
  - ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2023 maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhíocróbacha a chomhrac i gcur chuige Aon Sláinte Amháin,
  - ag féachaint do Chreat Faireacháin Domhanda EDS maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc agus a rialú (NCDanna),
  - ag féachaint do phlean gníomhaíochta domhanda EDS an 14 Samhain 2013 chun galair neamhtheagmhálacha a chosc agus a rialú 2013-2030,
  - ag féachaint do thuarascáil EDS an 29 Meitheamh 2022 dar teideal A Health Perspective on the role of the environment in One Health [Peirspictíocht Sláinte maidir le ról an chomhshaoil in Aon Sláinte Amháin],
  - ag féachaint don tuarascáil ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta/an tAontas Eorpach (ECFE/AE) an 5 Nollaig 2022 dar teideal ‘Sracfhéachaint ar an tsláinte: Eoraip 2022: Staid na Sláinte i dTimthriall an Aontais Eorpaigh’,
  - ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint do thuairim ón gCoiste um Fhorbairt,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0366/2023),

---

<sup>12</sup> An Coimisiún Eorpach, [‘Scoping Study on evidence to tackle high-burden under-research medical conditions’](#), 17 Eanáir 2023.

- A. de bhrí gur galair nach gcuirtear ar aghaidh ó dhuine go duine iad galair neamhtheagmhálacha (NCDanna); de bhrí gurb iad galair neamhtheagmhálacha is cúis le 90 % de na básanna uile san Aontas<sup>13</sup>, arb ionann iad agus 80 % den ualach sláinte i dtíortha an Aontais<sup>14</sup> agus go leanann a leitheadúlacht de bheith ag fás ar fud an Aontais; de bhrí go gcuireann galair neamhtheagmhálacha ualach mór ar dhaoine atá ina gcónaí le galair neamhtheagmhálacha agus ar a dteaghlaigh, ar chórais cúraim sláinte, ar gheilleagair náisiúnta agus ar bhuiséid náisiúnta;
- B. de bhrí gurb ionann básanna anabái mar thoradh ar ghalair chardashoithíocha (CVDanna), ailsí, diaibéiteas agus galair riospráide ainsealacha agus 68 % de gach bás anabái san Eoraip; de bhrí go n-áirítear le galair neamhtheagmhálacha eile fadhbanna meabhairshláinte agus neamhoird néareolaíocha, galair ae agus gastraistéigeacha, galair duáin, galair ailléirge agus galair uath-imdhíonacha, galair bhéil, galair réamatacha agus mhatánchnámharlaigh (RMDanna) agus ionmómóis, i measc riochtaí eile; de bhrí go bhféadfadh míbhreith ar leitheadúlacht na ngalar sin agus ar ualach na ngalar sin a bheith mar thoradh ar bhearnaí sonraí i réimsí sonracha galair;
- C. de bhrí gurb iad CVDanna an phríomhchúis bháis san Aontas, arb ionann iad agus 37 % de bhásanna bliantúla; de bhrí go bhfuil bearna shuntasach idir na Ballstáit agus go ndéanann CVDanna difear níos mó do mhná agus do dhaoine a bhfuil dálaí socheacnamaíocha níos boichte acu; de bhrí gurbh é 8 % agus 7.2 % i gcás ailse san Eoraip in 2018 an dóchúlacht go bhfaighfí bás ó CVDanna roimh am (an dóchúlacht neamhchoinníollach go bhfaighfí bás idir 30-69 bliana d’aois) ó CVDanna<sup>15</sup>;
- D. de bhrí go bhfuil diaibéiteas ar cheann de na galair neamhtheagmhálacha is coitianta; de bhrí go bhfuil níos mó ná 33 mhilliún duine san Aontas a bhfuil diaibéiteas orthu; de bhrí go bhfuiltear ag tuar go n-ardóidh líon na ndaoine a bhfuil diaibéiteas orthu san Aontas go 38 milliún faoi 2030; de bhrí go ndéanann galair neamhtheagmhálacha amhail diaibéiteas cineál 2, murtall agus neamhoird inchríneacha difear níos mó do leanaí, lena n-éilítear cur chuige tiomnaithe maidir le cosc agus bainistiú<sup>16</sup>; de bhrí gur minic nach ndéantar diagnóisiú nó go ndéantar diagnóisiú an-déanach ar go leor daoine a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu amhail diaibéiteas, rud a fhágann go bhféadfadh cúrsaí dul in aimhréidh;
- E. de bhrí gurb é an murtall an ceathrú cúis is mó ar domhan le básanna anabái, a mheastar a bheith thart ar 4.7 milliún bás<sup>17</sup>; de bhrí go bhfuil os cionn 200 deacracht leighis ann a

<sup>13</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ‘[Monitoring noncommunicable disease commitments in Europe 2021](#)’, [Faireachán a dhéanamh ar ghealltanais maidir le galair neamhtheagmhálacha san Eoraip 2021], an 8 Nollaig 2021.

<sup>14</sup> An Coimisiún Eorpach, ‘[Non-communicable diseases](#)’ [Galair neamhtheagmhálacha].

<sup>15</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ‘[Monitoring noncommunicable disease commitments in Europe 2021](#)’ [Faireachán a dhéanamh ar ghealltanais maidir le galair neamhtheagmhálacha san Eoraip], lch. 13, 8 Nollaig 2021.

<sup>16</sup> Abbasi, A. et al., ‘Body Mass Index and Incident Type 1 and Type 2 Diabetes in Children and Young Adults: *A Retrospective Cohort Study*’, Journal of the Endocrine Society, Imleabhar 1, Eagrán 5, 1 Bealtaine 2017, lch. 524-537.

<sup>17</sup> Global Burden of Disease 2017 Risk Factor Collaborators, ‘*Global, regional, and national comparative risk assessment of 84 behavioural, environmental and occupational, and metabolic risks or clusters of risks for 195 countries and territories, 1990-2017: a systematic analysis for the Global Burden of Disease Study 2017*’ [Measúnú riosca comparáideach domhanda, réigiúnach agus náisiúnta ar 84 riosca iompraíochta, comhshaoil agus ceirde, agus rioscaí meitibileacha nó braislí rioscaí do 195 thír agus críoch, 1990-2017: anailís chórasach don Staidéar maidir le hUalach Domhanda Galar 2017]

bhaineann le murtall;

- F. de bhrí go bhfuil thart ar 20 milliún duine a tháinig slán ón ailse san Eoraip<sup>18</sup>; de bhrí nach n-aithníonn ach seacht dtír san Aontas an ‘ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad’ d’iar-othair ailse a bhfuil deacrachtaí acu fós, dá bhrí sin, rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais, amhail árachas nó morgáistí, blianta tar éis dóibh cóir leighis a chur i gcrích go rathúil;
- G. de bhrí gurb iad galair neamhtheagmhálacha an sciar is mó de chaiteachas cúraim sláinte na mBallstát, as a n-eascraíonn costas measta EUR 115 billiún, nó 0.8 % de OTI in aghaidh na bliana;
- H. de bhrí go bhféadfaí na costais sin a laghdú trí bhearta coisctheacha uailmhianacha a chur chun feidhme, trí scéimeanna luathbhraite agus scéimeanna comhphárteacha braite, agus trí bhainistiú optamach na ngalar; de bhrí, in 2018, nár caitheadh níos mó ná 2.8 % den chaiteachas iomlán ar chúram sláinte san Aontas ar chosc; de bhrí go bhfuil na costais a bhaineann le cóir leighis a chur ar ghalair neamhtheagmhálacha fós ard<sup>19</sup>;
- I. de bhrí gur cheart infheistíocht i gcur chun cinn na sláinte agus i gcosc agus i mbainistiú NCD a neartú tuilleadh;
- J. de bhrí, de réir Airteagal 168 CFAE, gur féidir leis an Aontas ról comhoibritheach agus comhlántach a bheith aige maidir le cúram sláinte, agus gur inniúlacht náisiúnta í an tsláinte ina croílár;
- K. de bhrí go leagtar béim sa tionscnamh ón gCoimisiún ‘Folláine le chéile — galair neamhtheagmhálacha an Aontais Eorpaigh (NCD)’ ar an ngá atá le gníomhaíocht níos comhordaithe, níos comhtháite agus níos trasnaí maidir le galair neamhtheagmhálacha, trí spriocanna uailmhianacha, chun freagairt níos láidre a thabhairt ar ualach méadaitheach na ngalar neamhtheagmhálach;
- L. de bhrí gur cheart na cuir chuige ‘Sláinte sna Beartais Uile’ agus ‘Aon Sláinte Amháin’ a chur chun cinn tuilleadh, agus gur cheart iarrachtaí chun galair neamhtheagmhálacha a chomhrac a chomhtháthú i mbeartais ábhartha uile an Aontais;
- M. de bhrí go n-áirítear i bhformheas Mholtaí 2022 ón gComhairle maidir le scagthástáil ailse san Eoraip straitéisí cuimsitheacha chun ailse chíce, ailse cheirbheacs agus ailse chalaireicteach a bhrath níos luaithe;
- N. de bhrí go bhfuil sprioc leagtha síos ag EDS líon na mbásanna anabaí ó ghalair neamhtheagmhálacha a laghdú 25 % faoi 2025, agus gur athdhearbhaigh na ceannairí domhanda a dtiomantas, ag cruinniú Airí Sláinte G20, SDG 3.4 na Náisiún Aontaithe a bhaint amach maidir le básanna anabaí ó ghalair neamhtheagmhálacha a laghdú aon

---

<sup>18</sup> European Cancer Patient Coalition [An Chomhghuaillíocht Eorpach d’Othair Ailse], ‘[Right to be Forgotten for Cancer Survivors](#)’ [An ceart go ndéanfaí dearmad orthu ar son Marthanóirí Ailse]

<sup>19</sup> An Coimisiún Eorpach, ‘[Healthier together – EU non-communicable diseases initiative](#)’, [Sláintiúil le chéile — Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha], lch. 15, Meitheamh 2022.

trian faoi 2030<sup>20</sup>;

- O. de bhrí go bhfuil ualach méadaitheach na ngalar neamhtheagmhálach ar dhaoine aonair, ar shochaithe agus ar riachtanais sláinte na ndaonraí atá ag dul in aois, a bhfuil 40 % díobh ina gcónaí le hilghalracht, ina ndúshláin do chórais cúraim sláinte na mBallstát, ar gá beartais shonracha maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc, a bhrath agus a chóireáil a fhorbairt ina leith;
- P. de bhrí go bhfuil ganntanas speisialtóirí ag roinnt Ballstát i réimsí áirithe den chúram leighis, rud a fhágann go mbíonn moilleanna ann maidir le cúram sláinte riachtanach a sholáthar, rud a d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach aonair agus sochaíoch a bheith aige;
- Q. de bhrí gurb iad mná a dhéanann formhór na hoibre cúraim neamhfhoirmiúil san Aontas, amhail cineálacha eile cúraim gan íocaíocht agus obair tí<sup>21</sup>; de bhrí go mbíonn tionchar diúltach ag sciar díreireach na mban d'obair gan phá ar a gcumas páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair;
- R. de bhrí go mbíonn tionchar ag roinnt fachtóirí riosca inchoiscthe ar fformhór na ngalar neamhtheagmhálach: úsáid tobac, aiste bia mhíshláintiúil, easpa gníomhaíochta coirp agus mí-úsáid alcóil; de bhrí go mbíonn fachtóirí riosca bitheolaíocha mar thoradh ar fhachtóirí riosca iompraíochta, agus gurb iad rómheáchan agus murtall, ardbhrú fola, glúcós fola ard agus colaistéaról fola ard na cinn is coitianta<sup>22</sup>; de bhrí gur minic a bhíonn forluí leis na fachtóirí riosca sin, rud a chruthaíonn deacrachtaí tromchúiseacha agus riosca méadaithe go bhfaighfear galair neamhtheagmhálacha eile agus galair theagmhálacha (CDanna);
- S. de bhrí go bhfuil difríocht idir rochtain ar sheirbhísí agus úsáid seirbhísí, neamhchosaint ar fhachtóirí riosca, galracht agus mortlaíocht de réir inscne; de bhrí go dtarlaíonn na difríochtaí sin freisin ag brath ar áit chónaithe, ar an gcineál fostaíochta agus ar aois, agus ar a lán tosca sóisialta, déimeagrafacha agus cultúrtha eile; de bhrí gur cúis iad galair neamhtheagmhálacha le drochshláinte i measc na mban agus na bhfear araon, ach go bhfuil beagnach a dhá oiread seans ann go bhfaighidh fir bás roimh am mar thoradh ar ghalair neamhtheagmhálacha<sup>23</sup>;
- T. de bhrí nach féidir gach galar neamhtheagmhálach a chosc toisc nach féidir roinnt tosca a mhodhnú, amhail aois, stair an teaghlaigh, géineolaíocht, inscne agus uathdhíonacht, agus/nó nach eol iad, amhail roinnt neamhoird néareolaíocha;

---

<sup>20</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, '[On the road to 2025: The global NCD deadline](#)' [Ar an mbóthar go dtí 2025:

Spriodhata domhanda NCD]

<sup>21</sup> OECD iLibrary, '[Supporting informal carers of older people](#)' [Tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla daoine scothaosta], 2022.

<sup>22</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, '[Monitoring noncommunicable disease commitments in Europe 2021](#)', [Faireachán a dhéanamh ar ghealltanais maidir le galair neamhtheagmhálacha san Eoraip 2021], lch. 13, an 8 Nollaig 2021.

<sup>23</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, *Gender and noncommunicable diseases in Europe: analysis of STEPS data* [Inscne agus galair neamhtheagmhálacha san Eoraip: anailís ar shonraí STEPS], lch. 6, 8 Nollaig 2020.



- U. de bhrí go bhfuil forbairt NCDanna agus na torthaí sláinte a eascraíonn astu nasctha le deitéarmanaint shóisialta agus eacnamaíocha na sláinte, lena léirítear na héagothromaíochtaí sláinte laistigh agus ar fud thíortha an Aontais;
- V. de bhrí gur minic a shainítear aistí bia míshláintiúla mar ard i siúcraí, salainn, saille sáithithe agus tras-saillte, agus bianna ar bheagán snáithín, agus gur fachtóir riosca iad ó thaobh galair agus mortlaíochta de;
- W. de bhrí go rachadh aistriú chuig aiste bia níos cothroime agus chuig aiste bia atá saibhir ó thaobh plandaí de chun tairbhe don tsláinte agus don chomhshaol araon;
- X. de bhrí gurb í úsáid tobac an príomhfachtóir riosca inchoiscthe do ghalair neamhtheagmhálacha;
- Y. de bhrí go bhfuil baint ag caitheamh tobac le riosca méadaithe 250 % go gcuirfear duine san ospidéal le meabharghalair<sup>24</sup>;
- Z. de bhrí, de réir staidéar de chuid EDS, maidir leis an mbaol go bhfaighfear ailse, nach bhfuil aon leibhéal sábháilte ann ó thaobh alcól a ól; de bhrí go bhfuil nasc idir mí-úsáid alcóil agus líon mór galar agus neamhord lena n-áirítear CVDanna, ailsí, diaibéiteas agus neamhoird mheabhairshláinte; de bhrí dá mhéid alcól a óltar, is amhlaidh go méadaítear an baol;
- AA. de bhrí go mbaineann droch-nósanna codlata, amhail easpa codlata agus codladh níos lú ná sé uair an chloig nó níos mó ná naoi n-uair an chloig sa lá, le feidhmeanna cognaíocha níos ísle agus le sláinte inchinne níos boichte<sup>25</sup>;
- AB. de bhrí go bhfuil ról ag athlasadh ainsealach maidir le rannchuidiú le forbairt agus dul chun cinn NCDanna, lena n-áirítear CVDanna, RMDanna, diaibéiteas agus ailse, i measc riochtaí eile;
- AC. de bhrí gur féidir le lipéadú bia tacú le tomhaltóirí roghanna bia níos sláintiúla a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, tomhaltas míshláintiúil bia ina bhfuil leibhéal ard salainn, saille agus siúcra a chosc;
- AD. de bhrí gurb iad cáiréas fiacla an galar neamhtheagmhálach is coitianta ar fud an domhain<sup>26</sup>;
- AE. de bhrí go mbíonn tionchar ag roinnt fachtóirí riosca comhshaoil ar NCDanna amhail truailliú aeir laistigh agus lasmuigh agus nochtadh ceimiceach chomh maith le truailliú bia, uisce agus ithreach; de bhrí gur féidir le timpeallacht dhea-cháilíochta, go leor spásanna glasa i gcathracha agus am a chaitheamh amuigh faoin aer feabhas a chur ar fholláine fhisiciúil agus mheabhrach;
- AF. de bhrí, de réir mheastacháin EDS maidir le hualach comhshaoil an ghalair, go bliantúil,

<sup>24</sup> Ollscoil Aarhus, [‘Do smoking significantly increases the risk of mental illness?’](#) [An gcuireann caitheamh tobac go mór le baol meabhairghalair?]

<sup>25</sup> Namsrai, T., Ambikairajah, A. & Cherbuin, N., [‘Poorer sleep impairs brain health at midlife’](#), Sci Rep 13, 1874 1 Feabhra 2023.

<sup>26</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, [‘Sugars and dental caries’](#) [Siúcra agus cáiréas fiacla], 9 Samhain 2017.

gur strusairí comhshaoil is cúis le 13 % de bhásanna (630000) i Réigiún Eorpach EDS<sup>27</sup>; de bhrí gur thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil de chuid EEA gur toradh ar ghalair neamhtheagmhálacha iad 90 % de na básanna atá inchurtha i leith an chomhshaoil; de bhrí, de réir Thuarascáil EEA Uimh. 21/2019, gurb í an ailse an galar neamhtheagmhálach is mó atá inchurtha i leith an chomhshaoil, agus go bhfuil níos mó ná 250000 bás ón ailse inchurtha i leith an chomhshaoil in 32 thír Eorpach ardioncain in 2016; de bhrí, in 2020, go raibh líon suntasach básanna anabái san Aontas mar thoradh ar thruailliú aeir; de bhrí gur truailliú aeir is cúis le thart ar 30000 bás anabái in aghaidh na bliana agus líon suntasach NCDanna, amhail asma, fadhbanna cardashoithíocha agus ailse scamhóg<sup>28</sup>;

- AG. de bhrí gur thiomsaigh Institiúid Náisiúnta na hÍsiltíre um Shláinte Phoiblí agus um an gComhshaol forléargas ar theorainneacha náisiúnta nochta ceirde, agus thart ar 1400 substaint ar áireamh sa liosta sin, ar socraíodh teorainneacha nochta ceirde sláintebhunaithe (OELanna) dlíthiúla ina leith i mBallstát amháin nó níos mó de chuid an Aontais agus nach bhfuil aon OEL comhchuibhithe socraithe ina leith nó nach bhfuil sé beartaithe aon OEL comhchuibhithe a shocrú ina leith ar leibhéal an Aontais (EU OELanna)<sup>29</sup>;
- AH. de bhrí go n-imríonn nochtadh ceimiceach forleatach ó shuaiteoirí inchríneacha tionchar ar ghalair neamhtheagmhálacha, atá sa chomhshaol agus i dtáirgí tomhaltais;
- AI. de bhrí go leanann truailliú torainn de bheith ag déanamh dochar don tsláinte, agus go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn chun truailliú torainn san Aontas a laghdú<sup>30</sup>; de bhrí go bhfuil níos mó i gceist le truailliú torainn ná núis amháin, is féidir leis a bheith ina chúis le héifeachtaí tromchúiseacha ar an tsláinte, amhail galar iscéimeach croí, murtall agus diaibéiteas, i measc riochtaí eile;
- AJ. de bhrí gur féidir leitheadúlacht galair neamhtheagmhálacha a laghdú suas le 70 % trí fheabhas a chur ar chur chun cinn na sláinte atá bunaithe ar fhianaise, ar bheartais laghdaithe díobhála agus ar ghalair phríomha agus thánaisteacha a chosc;
- AK. de bhrí go bhfuil nasc eolaíoch seanbhunaithe idir CDanna áirithe agus galair neamhtheagmhálacha, agus go háirithe cineálacha ailse, arb iad ionfhabhtuithe víreasacha nó baictéaracha is cúis leo;
- AL. de bhrí gur thug paindéim COVID-19 léargas ar fheiniméan tromchúiseach na comhghalracha agus na comh-mhortlaíochta nuair a shroicheann CDanna othair le galair neamhtheagmhálacha; de bhrí nach ndearnadh mórán staidéir ar na hidirnáise idir

---

<sup>27</sup> EEA, *‘Healthy environment, healthy lives: how the environment influences health and well-being in Europe’* [Comhshaol sláintiúil, saol sláintiúil: an tionchar atá ag an gcomhshaol ar an tsláinte agus ar an bhfolláine san Eoraip] 2019 (is ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 2012 a tháinig na sonraí).

<sup>28</sup> Soares J, González Ortiz A, Gsella A, et al., *‘Health risk assessment of air pollution and the impact of the new WHO guidelines’*, [Measúnú riosca sláinte ar thruailliú aeir agus tionchar threoirilínte nua EDS], Tuarascáil Eionet — ETC HE 2022/10, an Lárionad Téamach Eorpach maidir le Sláinte an Duine agus an Comhshaol, 2022.

<sup>29</sup> Institiúid Náisiúnta na hÍsiltíre um Shláinte Phoiblí agus um an gComhshaol, [‘Overview of national occupational exposure limits for substances without a European occupational exposure limit’](#) [Forléargas ar theorainneacha náisiúnta nochta ceirde le haghaidh substaintí gan teorainn nochta ceirde Eorpach], 2022.

<sup>30</sup> EEA, [‘Are you noticing the harmful noise around you?’](#) [Ar thug tú faoi deara an torann díobhálach timpeall ort?], 21 Meitheamh 2023.

CDanna agus galair neamhtheagmhálacha le roinnt deacáid anuas, go príomha mar thoradh ar chistiú neamhleor le haghaidh taighde agus easpa sonraí córasaithe eipidéimeolaíochta, staidrimh agus eolaíoch;

- AM. de bhrí go raibh daoine a bhfuil galar neamhtheagmhálach amháin nó níos mó orthu ar cheann de na grúpaí daonra ba mhó a buaileadh le linn phaindéim COVID-19<sup>31</sup> agus gur cuireadh isteach go mór ar rochtain ar chúram agus ar scagthástáil agus diagnóis riachtanach deacrachtaí le linn phaindéim COVID-19, rud a d'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha fadtéarmacha a bheith mar thoradh air;
- AN. de bhrí go bhféadfadh idirnáise den sórt sin idir CDanna agus galair neamhtheagmhálacha a bheith ann in go leor cásanna eile agus go bhfuil go leor le foghlaim fós faoi thionchar CDanna ar ghalair neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear riochtaí tromchúiseacha iar-víreasacha amhail riochtaí iar-COVID-19; de bhrí go gcuirfidh staidéir nua ar idirnascadh CDanna agus galair neamhtheagmhálacha feabhas mór ar chosc agus ar dhiagnóisiú galar neamhtheagmhálach araon;
- AO. de bhrí go gcuireann frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha isteach go mór ar ghnáthaimh leighis amhail obráidí, ionchlannáin fiacla, cóireálacha ailse agus trasphlanduithe orgán; de bhrí go ndéanann AMR bainistiú galar neamhtheagmhálacha forleathana níos casta freisin, lena n-áirítear CVDanna, néaltrú agus siadaí<sup>32</sup>; de bhrí go mbíonn iarmhairtí ag AMR ar mhinicíocht galar, rátaí mortláochta, tréimhsí ospidéal agus costais cúraim sláinte<sup>33</sup>;
- AP. de bhrí go bhfuil cur chun feidhme cleachtas fianaisebhunaithe, nuálaíocht maidir le teicneolaíochtaí, cógais agus cleachtais cúraim sláinte, agus beartais laghdaithe díobhála ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfar tosca riosca a chosc, a dhíothú nó a laghdú, luathbhrath, bainistiú feabhsaithe galar, comhtháthú cúraim agus cóireálacha nua, inrochtana agus níos fearr do ghalair neamhtheagmhálacha<sup>34</sup>;
- AQ. de bhrí, a bhfuil le taighde, go bhfuil méadú as cuimse tagtha ar eolas faoi bhith-eolaíocht go leor cineálacha galair neamhtheagmhálacha, amhail galair néaraimheathlúcháin, ach go bhfuil sé fós le haistriú ina n-idirghabhálacha teiripeacha cinntitheacha, agus go bhfuil sé fós teoranta d'idirghabhálacha siomptómacha amháin;
- AR. de bhrí gur cheart do na Ballstáit dreasachtaí leormhaithe agus buiséid inbhuanaithe a chur ar fáil chun an t-ualach a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha a chosc, a chóireáil agus a laghdú chomh maith le rioscaí inchoiscthe a mhaolú agus a laghdú;

---

<sup>31</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, '[Invisible numbers: the true extent of noncommunicable diseases and what to do about them](#)' [Uimhreacha dofheicthe: Fíormhéid na ngalar neamhtheagmhálach agus an méid atá le déanamh fúthu], 15 Meán Fómhair 2022.

<sup>32</sup> Luisa Antunes, '[Tackling antimicrobial resistance: From science to pharmaceuticals policy](#)', [Ag dul i ngleic le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha: Ón eolaíocht go dtí beartas cógaisíochta] Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, Márta 2023.

<sup>33</sup> Christopher J L Murray, et al., '[Global burden of bacterial antimicrobial resistance in 2019: a systematic analysis](#)', [An t-ualach domhanda maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha bhaictéarach in 2019: anailís chórasach] The Lancet, Imleabhar 399, Eagrán 10325, lch. 629-655, 2022.

<sup>34</sup> An Coimisiún Eorpach, '[Healthier together – EU non-communicable diseases initiative](#)', [Níos Sláintiúla le chéile — Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha], lch. 15, Meitheamh 2022.

- AS. de bhrí go bhféadfadh torthaí sláinte níos measa, deacrachtaí dochúlaithe, mortlaíocht mhéadaithe agus costais níos airde a bheith mar thoradh ar chloí teiripeach fo-optamach agus taimhe theiripeach;
1. á thabhairt chun suntais gurb ionann galair neamhtheagmhálacha agus 90 % de na básanna go léir san Aontas<sup>35</sup>, a bhfuil ardleibhéal inchoisctheachta ag go leor díobh; á mheas, dá bhrí sin, go bhfuil galair neamhtheagmhálacha ar cheann de na dúshláin sláinte poiblí is ríthábhachtaí san Aontas, rud a fhágann gurb iad galair neamhtheagmhálacha an sciar is mó de chaiteachas cúraim sláinte na dtíortha; á thabhairt chun suntais go bhfuil galair neamhtheagmhálacha ina n-ualach mór ar cháilíocht saoil na saoránach atá ina gcónaí le galair neamhtheagmhálacha agus ar a dteaghlaigh agus ar a gcúramóirí; á iarraidh go leanfadh na Ballstáit d'infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht i gcúram NCD, chun galracht agus mortlaíocht fhoriomlán a laghdú agus chun cáilíocht saoil na n-othar a fheabhsú; á mheabhrú gur gá machnamh a dhéanamh freisin, in éineacht leis na dúshláin sláinte, ar thionchar socheacnamaíoch na ngalar neamhtheagmhálach, a dhéanann difear don lucht saothair agus don táirgiúlacht fhoriomlán;
  2. á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach leitheadúlacht galair neamhtheagmhálacha a chosc agus a laghdú trí dhiagnóisiú agus scagthástáil luath, lena n-áirítear trí sheiceálacha comhtháite sláinte a chur chun feidhme, go háirithe do dhaoine atá i mbaol, ar leibhéal an chúraim phríomhúil, trí rochtain níos fearr ar chúram sláinte poiblí, agus trí bhainistiú agus cóireáil galar níos fearr; á chreidiúint gur féidir leitheadúlacht galair neamhtheagmhálacha a laghdú go suntasach 70 %<sup>36</sup> le cur chun cinn feabhsaithe na sláinte, le laghdú díobhála agus le galair a chosc, i gcomhar le hinfeistíocht chun truailliú comhshaoil a chosc, a laghdú agus a mhaolú, agus i dtaighde, staidéir agus trialacha clínicíúla, nuálaíocht agus teicneolaíochtaí sláinte, chomh maith lena n-inrochtaineacht agus lena n-inacmhainneacht;
  3. á chur in iúl gur geal léi tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha (NCD), Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, clár oibre EU4Health, an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte' agus straitéis sláinte domhanda an Aontais; á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún an tionscnamh '*Healthier together – EU NCD*' [Níos Sláintiúla le chéile — EU NCD] a neartú trí straitéis iomlánaíoch agus chomhtháite de chuid an Aontais a thabhairt isteach maidir le galair neamhtheagmhálacha, arna comhlánú le pleananna gníomhaíochta le haghaidh galair neamhtheagmhálacha shonracha lena n-áirítear tagarmharcanna, táscairí agus sásraí chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhealach trédhearcach agus inrochtana;
  4. ag spreagadh na mBallstát pleananna agus straitéisí náisiúnta neamhtheagmhálacha a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe maidir leis na galair is forleithne a bhfuil rátaí mortlaíochta agus galracha arda acu, le garspriocanna agus spriocanna inchomparáide; á thabhairt dá haire gur cheart go n-

---

<sup>35</sup> An Coimisiún Eorpach, '[Non-communicable diseases: overview](#)', [Galair neamhtheagmhálacha:

forléargas].

<sup>36</sup> An Coimisiún Eorpach, '[The EU 'Healthier Together' Non-Communicable Diseases Initiative](#)', [Tionscnamh an Aontais Le chéile níos Sláintiúla maidir le Galair Neamhtheagmhálacha], 2022.

áireofaí sna pleananna agus sna straitéisí sin gné laghdaithe riosca agus scagtha/luathbhraite chun díriú, i measc nithe eile, ar dheitéarmanaint shocheacnamaíocha na sláinte, ar thimpeallachtaí cumasaithe sláinte a chur chun cinn agus ar an tsláinte agus ar litearthacht dhigiteacha chur chun cinn, ar oideachas agus ar mhúscailt feasachta, atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne agus ar ghrúpaí atá i mbaol go háirithe, agus gur cheart iad a dheardh chun neamhionannais a laghdú agus acmhainní cúraim sláinte a bharrfheabhsú; á chur in iúl gur geal léi na pleananna agus na gníomhaíochtaí náisiúnta atá glactha cheana féin ag na Ballstáit i gcoinne galair neamhtheagmhálacha; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit bearta uailmhianacha a áireamh ina bpleananna náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar gach céim de ghalair neamhtheagmhálacha, ó luathbhrath go bainistiú galar, agus na pleananna náisiúnta sin a chur in oiriúint do ghalair neamhtheagmhálacha shonracha; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag pleananna náisiúnta maidir le galair neamhtheagmhálacha ní hamháin an méadú atá ag teacht ar líon na ndaoine atá ina gcónaí le galair neamhtheagmhálacha a athrú, ach freisin cáilíocht saoil agus folláine na ndaoine a ndéanann galair neamhtheagmhálacha difear dóibh a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún comhroinnt eolais agus méadú na ndea-chleachtas a thugtar isteach leis na pleananna náisiúnta atá ann cheana ar fud na mBallstát eile a éascú;

5. á aithint go méadaíonn deitéarmanaint shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil na sláinte, agus éagothromaíochtaí sláinte an riosca a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha; á chur i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar na tosca sin i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí, ós rud é go ndéanann siad difear freisin do roghanna aonair a mbíonn tionchar acu ar an riosca a bhaineann le go leor galair neamhtheagmhálacha; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé an prionsabal ‘Sláinte sna Beartais Uile’ a chur chun feidhme ar bhealach níos láidre, in idirphlé leis an bpobal sláinte poiblí, agus aird chríochnúil á tabhairt ar na tionchair a bhíonn ag beartais earnálacha ar an tsláinte;

### ***NCD a chosc***

6. á aithint go méadaíonn úsáid tobac, neamhghníomhaíocht choirp, mí-úsáid alcóil, aistí bia míshláintiúla agus tosca comhshaoil amhail truailliú aeir, bia, uisce, torainn agus ithreach, radaíocht UV, nochtadh ceimiceach agus deitéarmanaint shocheacnamaíocha na sláinte go mór leis an riosca a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha<sup>37</sup>;
7. á chur i bhfáth go bhfuil cosc ríthábhachtach chun galair neamhtheagmhálacha a chomhrac; á chreidiúint go láidir go bhfuil gníomhaíochtaí coisctheacha cuimsitheacha i gcoinne galair neamhtheagmhálacha, trí bhearta lena dtacaítear le díothú nó laghdú na díobhála a eascraíonn as tosca riosca inchoiscthe, go bhfuil siad tábhachtach agus gur cheart iad a chur chun feidhme i mbeartais ábhartha uile an Aontais; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit feachtais ardaithe feasachta phoiblí a thabhairt isteach maidir le cosc ar ghalair neamhtheagmhálacha; á chreidiúint go láidir gur cheart go mbeadh gníomhaíochtaí coisctheacha bunaithe ar fhianaise; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit taighde eolaíoch a neartú maidir le cúiseanna na ngalar neamhtheagmhálach agus maidir le héifeachtúlacht agus cur chun feidhme na mbeart coisctheach;

---

<sup>37</sup> An Eagraíocht Phan-Mheiriceánach Sláinte, ‘[Noncommunicable Diseases](#)’, [Galair Neamhtheagmhálacha].

8. á chur i bhfáth go bhfuil rochtain ar chórais sláinte poiblí agus cosanta sóisialta ríthábhachtach chun galair neamhtheagmhálacha a chosc; á chur in iúl gur saoth léi na héagothromaíochtaí agus na héagothromais sláinte suntasacha ar fud an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc; á áitiú gur gá pobail leochaileacha, imeallaithe agus eisiata go sóisialta agus daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus sna réigiúin is forimeallaí i bhfad ó ionaid leighis a shainaithe agus aird a thabhairt orthu, chun a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar chlár cúraim sláinte agus coiscthe;
9. á aithint go bhfuil cúiseanna casta agus ilfhachtóireacha le galair neamhtheagmhálacha agus nach féidir galair neamhtheagmhálacha a chosc i gcónaí, agus, fiú i measc galair neamhtheagmhálacha inchoiscthe, go bhfuil cásanna ann nach féidir a mhíniú le fachtóirí riosca inchoiscthe agus go bhfuil leibhéal ard riosca oidhreachtuil ag baint le go leor galair neamhtheagmhálacha;
10. á thabhairt chun suntais na rioscaí comhshaoil a mhéadaíonn an riosca a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé breathnú ar ghalair neamhtheagmhálacha ó sheasamh lena n-aithnítear go bhfuil dlúthnasc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil agus, dá bhrí sin, gur cheart gníomhaíochtaí chun galair neamhtheagmhálacha a chomhrac a bheith fréamhaithe sa chur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’; á thabhairt chun suntais gur mó leochaileacht na ndaoine a chónaíonn le galair neamhtheagmhálacha i leith imeachtaí adhaimsire agus tionchair eile an athraithe aeráide agus á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí bearta spriocdhírithé i mbeartais maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus a oiriúnú<sup>38</sup>;
11. á chur i bhfáth go gcuireann AMR isteach go mór ar chóireálacha agus nósanna imeachta leighis agus go ndéanann sé bainistiú galar neamhtheagmhálacha forleathana níos casta freisin; á chur i bhfios go láidir gur cheart go dtreoródh an cur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ laghdú agus úsáid optamaithe ábhar frithmhiocróbach chun AMR a chosc agus a chomhrac; á iarraidh go gcuirfí dlús le cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta reatha agus na sásraí domhanda sonracha maidir le faireachas AMR, taighde agus nuálaíocht, agus maoirseacht ar ábhair fhrithmhiocróbacha; á thabhairt chun suntais gur gá tacú le hoibreáin nua fhrithmhiocróbacha a fhorbairt, agus a n-infhaighteacht agus a n-inacmhainneacht a áirithiú;
12. á aithint go raibh úsáid tobac freagrach as 1.6 milliún bás san Eoraip in 2019 agus gur toisc ardriosca í chun galair neamhtheagmhálacha amhail ailse, CVDanna agus galair riospráide ainsealacha a fháil; á aithint go n-ionanálaíonn daoine fásta agus leanaí atá nochta do dheatach athlámhe go leor de na carcanaigíní céanna agus a dhéanann daoine a chaitheann tobac; á mheabhrú go bhféadfadh deatach athlámhe méadú suas le 16 % a dhéanamh ar an riosca foriomlán do gach ailse i gcás daoine nár chaith tobac riamh<sup>39</sup>; á thabhairt chun suntais go nochtar 60 % de leanaí do dheatach athlámhe sa bhaile, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le siondróm tobann báis naíonán, le hionfhabhtuithe riospráide níos ísle, le hionfhabhtuithe cluaise agus le hasma níos déine; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas agus na Ballstáit cosaint níos fearr a áirithiú do dhaoine nach gcaitheann tobac ar dheatach athlámhe agus feachtais a fhorbairt chun timpeallacht saor ó thobac a chruthú agus chun an chéad ghlúin de chuid an Aontais atá saor ó thobac a

<sup>38</sup> The Lancet Oncology, ‘[Climate change and non-communicable diseases](#)’, [An t-athrú aeráide agus galair neamhtheagmhálacha], Eanáir 2016.

<sup>39</sup> Kim et al., 2018.



thógáil faoi 2040;

13. ag tacú le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, arb é is aidhm dó glúin saor ó thobac a bhaint amach agus úsáid tobac a chosc trí thomhaltas tobac a laghdú go 5 % den daonra faoi 2040; ag tacú leis an togra ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir um Tháirgí Tobac<sup>40</sup> agus ar an Treoir maidir le Cánachas Tobac<sup>41</sup> agus leis an togra chun an moladh ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le timpeallachtaí saor ó thobac a thabhairt cothrom le dáta<sup>42</sup>; á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go hiomlán Creat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac (FCTC) agus Prótocal EDS chun Deireadh a chur le Trádáil Aindleathach i dtáirgí Tobac (an Prótocal); á iarraidh go ndéanfar meastóireacht agus athbhreithniú ar na modhanna tomhais tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin i dtáirgí tobac agus i dtáirgí gaolmhara, bunaithe ar thaighde eolaíoch neamhspleách agus a rinneadh le déanaí; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit an méid seo a leanas:
  - a. scor de chaitheamh tobac a chur chun cinn agus bearta a chur chun feidhme chun cabhrú le húsáideoirí tobac éirí as, i gcomhréir le FCTC EDS;
  - b. obair leantach a dhéanamh ar an taighde eolaíoch agus ar na meastóireachtaí a rinne údarais sláinte poiblí ar na rioscaí sláinte a bhaineann le toitíní leictreonacha, táirgí tobac téite agus táirgí núíosacha tobac, lena n-áirítear measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis na táirgí sin a úsáid i gcomparáid le táirgí eile tobac a chaitheamh, go háirithe agus an bhagairt do dhaoine nach gcaitheann tobac, do leanaí agus don óige á cur san áireamh<sup>43</sup>;
  - c. méadú agus cóineasú aníos a thabhairt isteach maidir le dleachtanna máil íosta ar tháirgí tobac; á chur i bhfáth gur féidir leis sin cosc a fheabhsú trí ghlacadh agus úsáid tobac a laghdú, go háirithe i measc daoine a chaitheann tobac faoi láthair, agus cosc a chur ar dhaoine óga glacadh le caitheamh tobac;
  - d. ceanglas a thabhairt isteach maidir le pacáistíocht phléineáilte caighdeánaithe agus an oibleagáid rabhaidh sláinte a chur san áireamh ar 80 % de phacáistíocht tosaigh agus chúil an tobac agus táirgí tobac, lena n-áirítear rabhaidh phictiúrtha;
  - e. a áirithiú go bhforfheidhmeofar go docht an toirmeasc ar bhlastáin shaintréitheacha i dtáirgí tobac chun tarraingteacht na dtáirgí sin do chaiteoirí, do dhaoine nach gcaitheann tobac agus do dhaoine óga a laghdú;
  - f. tuilleadh feabhais a chur ar chosaint tomhaltóirí, go háirithe leanaí, ar fhógraíocht táirgí tobac agus ar fheistí caitheamh tobac;

---

<sup>40</sup> Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, tíolacadh agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara, IO L 127, 29.4.2014, lch. 1;

<sup>41</sup> Treoir 2011/64/AE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2011 maidir le struchtúr agus rátaí na ndleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe, IO L 176, 5.7.2011, lch. 24.

<sup>42</sup> IO C 296, 5.12.2009, lch. 4.

<sup>43</sup> Ionaid um Ghalair a Rialú agus a Chosc, '[Quick Facts on the Risks of E-cigarettes for Kids, Teens, and Young Adults](#)' [Fíricí Tapa maidir leis na Rioscaí a bhaineann le Toitíní Leictreonacha do Pháistí, do Dhéagóirí agus do Dhaoine Fásta Óga].

- g. tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú maidir leis an dul chun cinn i dtreo glúin saor ó thobac a bhaint amach faoi 2040;
14. á iarraidh go ndéanadh na Ballstáit an oibleagáid faoi Threoir (AE) 2019/904<sup>44</sup> (an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide), maidir le scagairí i dtáirgí tobac ina bhfuil plaistigh, aghaidh a thabhairt ar na hábhair inmí chomhshaoil agus sláinte a bhaineann leis na scagairí sin a chur chun feidhme go hiomlán;
15. ag tathant ar an gCoimisiún rialacha sonracha iompair a chur chun feidhme dá oifigigh agus dá sheirbhísigh eile go léir agus é ag idirghníomhú le tionscal an tobac, i gcomhréir le cinneadh an Ombudsman Eorpaigh i gcás 852/2014/LP;
16. ag tacú leis an togra ón gCoimisiún chun nuashonrú a dhéanamh ar an moladh ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le timpeallachtaí saor ó thobac<sup>45</sup> chun a chumhdach a leathnú chuig táirgí atá ag teacht chun cinn, amhail toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite, agus timpeallachtaí saor ó thobac a leathnú chun spásanna amuigh faoin aer a chur san áireamh;
17. á mheas go bhféadfadh toitíní leictreonacha a cheadú do roinnt daoine a chaitheann tobac éirí as caitheamh tobac de réir a chéile; á mheas, ag an am céanna, nár cheart toitíní leictreonacha a dhéanamh tarraingteach do mhionaoisigh agus do dhaoine nach gcaitheann tobac;
18. á thabhairt chun suntais go dtarlaíonn bás amháin as gach deichniúr i Réigiún Eorpach EDS mar thoradh ar úsáid alcóil, nó thart ar 1 mhilliún bás gach bliain<sup>46</sup>; á aithint gur fachtóir riosca é mí-úsáid alcóil d'iliomad galair neamhtheagmhálacha agus á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, dá ísle an méid alcóil a óltar, gur lú an riosca a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha a fháil<sup>47</sup>; á mheabhrú go ndéanann an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse eatánól agus aicéataildéad ó mheitibileacht eatánóil i ndeochanna alcólacha a aicmiú mar charcanaigineach i leith daoine; ag meabhrú an staidéir dá dtagraítear ag EDS<sup>48</sup>, ina n-aithnítear nach bhfuil aon leibhéal sábháilte ann ó thaobh alcól a ól, a mhéid a bhaineann le cosc, go háirithe ó thaobh ailse;
19. ag aithint iarrachtaí an Choimisiúin chun tacú leis na Ballstáit an t-ualach a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha a laghdú, le seoladh an tionscnaimh '*Healthier together – EU non-communicable diseases initiative (NCD)*' [Níos Sláintiúla le chéile — Tionscnamh an Aontais Eorpaigh maidir le galair neamhtheagmhálacha (NCD)] i mí na Nollag 2021; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht níos uailmhianaí ar leibhéal an

---

<sup>44</sup> Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol, IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.

<sup>45</sup> IO C 296, 5.12.2009, lch. 4.

<sup>46</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, '[Creat Eorpach um gníomhaíocht ar alcól, 2022-2025](#)'.

<sup>47</sup> Comhoibríthe Alcóil GBD 2016, '[Alcohol use and burden for 195 countries and territories, 1990-2016: a systematic analysis for the Global Burden of Disease Study 2016](#) [Úsáid alcóil agus ualach ar 195 thír agus críoch, 1990-2016: anailís chórasach don Staidéar maidir le hUalach Domhanda Galar 2016]'.

<sup>48</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, '[No level of alcohol consumption is safe for our health](#)', [Níl aon leibhéal tomhaltais alcóil sábháilte dár sláinte] 4 Eanáir 2023 .



Aontais, ní hamháin chun an méadú atá ag teacht ar líon na ndaoine atá ina gcónaí le galair neamhtheagmhálacha a athrú, ach freisin chun feabhas a chur ar cháilíocht saoil agus ar fholláine na ndaoine a ndéanann galair neamhtheagmhálacha difear dóibh;

20. á chur in iúl gur geal léi cuspóir an Choimisiúin laghdú 10 % ar a laghad a bhaint amach ar mhí-úsáid tomhaltais alcóil faoi 2025; á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit an méid seo a leanas:
- a. mionaoisigh a chosaint ar chumarsáid tráchtála maidir le hól alcóil, chomh maith le suiteáil táirgí agus urraíocht ar bhrandaí alcóil, lena n-áirítear sa timpeallacht dhigiteach, toisc nár cheart fógraíocht a dhíriú go sonrach ar mhionaoisigh ná ar thomhaltas alcóil a spreagadh; toirmeasc a chur ar fhógraíocht alcóil agus ar urraíocht alcóil ag imeachtaí spóirt nuair a fhreastalaíonn mionaoisigh den chuid is mó ar na himeachtaí sin;
  - b. cosaint mionaoiseach ar éifeachtaí diúltacha úsáid alcóil a mhéadú, lena n-áirítear bearta oideachais a ghlacadh arb é is aidhm dóibh tarraingteacht na húsáide alcóil sna haoisghrúpaí sin a laghdú;
  - c. bearta fianaise-bhunaithe comhréireacha a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh an dochar a bhaineann le halcól a laghdú agus a chosc laistigh de straitéis athbhreithnithe alcóil an Aontais;
  - d. tacú le faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí trí lipéadú deochanna alcólacha a fheabhsú, go háirithe trí fhaisnéis óil mheasartha agus fhreagrach a áireamh agus trí léiriú sainordaitheach a thabhairt isteach maidir le liosta na gcomhábhar agus faisnéis faoi chothú, mar thoradh ar Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, go háirithe maidir le moltaí maidir le deochanna alcólacha;
21. á thabhairt dá haire go bhfuil aiste bia mhíshláintiúil, ar minic í a bheith ard i siúcraí agus salainn, saillte sáithithe agus tras-saillte agus bianna snáithín ísle, ar cheann de na príomhthosca riosca do ghálair neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear murtall, CVDanna, galair bhéil, ailse, diaibéiteas, galair duáin agus ae, pancreas agus galair ghastraistéigeacha eile<sup>49</sup>; ag cur béim ar an ról atá ag aiste bia shláintiúil maidir le minicíocht agus atarlú NCDanna a chosc agus a theorannú, agus á chur i bhfáth gur féidir rioscaí aonair a laghdú le haiste bia atá bunaithe ar chion cuí carbaihiodráití, snáithín, saillte, próitéiní, vitimíní agus mianraí, lena n-áirítear níos mó glasraí, torthaí úra, bia lánghráin agus léagúim; á aithint go meastar gur fachtóir riosca é an murtall do roinnt galair neamhtheagmhálacha agus go n-aithnítear é féin mar ghalar neamhtheagmhálach; ag leagan béim ar an ról ríthábhachtach atá ag timpeallacht shláintiúil bia maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc; á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit an méid seo a leanas:
- a. tomhaltóirí a spreagadh agus cabhrú leo roghanna eolasacha sláintiúla a dhéanamh faoi tháirgí bia, rud a chuirfidh ar a gcumas aistí bia atá sláintiúil, éagsúil agus cothrom a leanúint; athruithe iompraíochta a chur chun cinn trí fheachtais chumarsáide agus ollmheáin le haghaidh aistí bia sláintiúla; soláthar poiblí bia

<sup>49</sup> Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Mheánmhuir Thoir, '[Non-communicable diseases](#)', [Galair Neamhtheagmhálacha].

agus beartais seirbhíse a spreagadh le haghaidh aistí bia folláine, inbhuanaithe agus níos bunaithe ar phlandaí; ag spreagadh na mBallstát machnamh a dhéanamh ar lipéadú bia a úsáid chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi tháirgí bia;

- b. straitéis chuimsitheach a chur chun feidhme chun neamhoird iteacháin a chomhrac, trí acmhainní a leithdháileadh, bailiú sonraí, feachtais choiscthe chomh maith le córais tacaíochta agus comhordú le comhlachtaí atá ann cheana i mBallstáit aonair;
  - c. plean gníomhaíochta nua, cuimsitheach agus comhtháite de chuid an Aontais maidir le murtall a mholadh ina mbeidh tagarmharcanna, táscairí agus sásraí chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí agus iad a ráthú; á iarraidh go ndéanfaid na Ballstáit an murtall a chomhrac go gníomhach trí roghanna sláintiúla cothaithe agus cleachtas an spóirt a chur ar fáil, ní hamháin trí oideachas a chur ar shaoránaigh agus iad a spreagadh chun na roghanna cearta a dhéanamh, ach freisin trí chláir lárnacha a áireamh i gcúram sláinte príomhúil a chabhraíonn le hothair a bhfuil murtall orthu meáchan a chailleadh ar bhealach sláintiúil; á iarraidh go dtacódh an Coimisiún agus na Ballstáit le taighde agus nuálaíocht maidir le murtall, lena ndírítear ar chur síos a dhéanamh ar thionchar fachtóirí géiniteacha, ar stádas micribhithithe an duine nó ar stádas síceolaíoch, i measc nithe eile, ar mheáchan coirp, agus féachaint ar na hidirghabhálacha is éifeachtaí;
  - d. treoirlínte EDS maidir le haiste bia fholláin a ghlacadh mar chuid de thiomantas comhroinnte chun aghaidh a thabhairt ar ualach na ngalar neamhtheagmhálach;
  - e. feabhas a chur ar infhaighteacht, inacmhainneacht agus inrochtaineacht an chúraim chothaíochais a chuireann diaitéitigh agus saineolaithe cothúcháin ar fáil;
  - f. athruithe iompraíochta a chur chun cinn trí chumarsáid agus feachtais meán le haghaidh aistí bia sláintiúla agus soláthar poiblí bia agus beartais seirbhíse le haghaidh aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe a spreagadh;
  - g. dul i ngleic le héilleáin charcanaigineacha a bheith i mbia; ag tathant ar an gCoimisiún tograí rialála a chur chun cinn go pras;
22. á iarraidh go ndéanfaid an Coimisiún aird a thabhairt ar iarrataí éagsúla na Parlaiminte ina rún an 16 Eanáir 2019 feabhas a chur ar nós imeachta údaraithe an Aontais maidir le lotnaidicídí;
23. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag an ngníomhaíocht choirp i gcosc NCD agus i gcur chun cinn na sláinte ar leibhéal an daonra do na galair neamhtheagmhálacha móra uile agus á chur in iúl gur díol sásaimh di tionscnamh HealthyLifestyle4All<sup>50</sup> ón gCoimisiún; á iarraidh go ndéanfaid an Coimisiún agus na Ballstáit gníomhaíocht choirp agus cleachtas an spóirt sa phleanáil uirbeach a chur chun cinn mar mhodh inrochtana agus ar fáil go forleathan chun na tosca riosca do ghalair neamhtheagmhálacha a laghdú agus chun feachtais feasachta a eagrú chun galair neamhtheagmhálacha a chosc agus chun béim níos mó a chur ar ghníomhaíocht choirp i

---

<sup>50</sup> An Coimisiún Eorpach ‘[Spóirt](#)’.

scoileanna; á aithint nach leor feabhas a chur ar na roghanna maidir le stíl mhaireachtála an daonra chun dul i ngleic le hualach na ngalar neamhtheagmhálach, agus cé go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcosc príomha maidir le minicíocht go leor cineálacha galair neamhtheagmhálacha a laghdú, tá cosc tánaisteach ríthábhachtach chun galair ainsealacha a bhainistiú ar an mbealach is fearr agus cuidíonn sé leis an mbaol a bhaineann le castachtaí, comhghalracha agus bás a laghdú;

24. á chur i bhfáth ról an oideachais sláinte maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc agus ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát oideachas sláinte a chur chun cinn agus oideachas sláinte a thabhairt isteach mar ábhar éigeantach le haghaidh staidéir in institiúidí bunoidreachais agus meánoideachais;
25. á chur i bhfáth go bhfuil nasc díreach idir tosca comhshaoil agus go leor galair neamhtheagmhálacha; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé daoine a chosaint ar nochtadh do ghuaiseacha comhshaoil ina saol laethúil agus ina dtimpeallachtaí oibre araon; á chur i bhfios go láidir gur gá an cur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ a chuíchóiriú chun sláinte an duine a chosaint ar bhealach níos fearr; á mheas go bhfuil ról lárnach ag an gComhaontú Glas don Eoraip agus ag an straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ chun galair neamhtheagmhálacha a chosc san Aontas trí thruailliú aeir, bia, uisce agus ithreach agus nochtadh ceimiceach a laghdú; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit úsáid lotnaidicídí a laghdú; ag moladh go ndéanfaí taighde ar úsáid agus ar fhorbairt táirgí amhail cógais leighis agus táirgí cosanta plandaí inbhuanaithe atá níos sábháilte don chomhshaoil; ag spreagadh cur chun feidhme sásraí éifeachtúla chun dramhail a bhaint lena seachnaítear truailliú an chomhshaoil, i gcomhréir le cuspóirí na straitéise cógaisíochta don Eoraip; á thabhairt chun suntais go n-áirítear freisin, chun galair riospráide ainsealacha a chosc seachas trí thobac a scor, nochtadh do cháithníní mín, deannach, ceimiceáin chontúirteacha, gáis amhail radón, ábhair ghuaise amhail aispeist agus truailleáin eile laistigh a chosc; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit plean an Aontais maidir le díothú aispeiste a ghlacadh;
26. ag meabhrú uaillmhianta na Parlaiminte i dtreo chaighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir mar a glacadh iad ar an gcéad léamh ar athmhúnlú na Treorach maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip<sup>51</sup>, go háirithe maidir le hailíniú iomlán a dhéanamh le treoirlínte EDS maidir le cáilíocht an aeir;
27. á aithint go bhféadfadh tionchar a bheith ag roinnt cóireálacha NCD ar an gcomhshaoil agus á thabhairt chun suntais gur féidir an tionchar sin a laghdú go suntasach trí ghalair neamhtheagmhálacha a chosc agus a bhrath go luath; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit bearta a chur chun feidhme chun lorg comhshaoil na hearnála cúraim sláinte a laghdú agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig cúram sláinte inbhuanaithe gan éifeachtúlacht agus cáilíocht na cóireála don othar a chur i mbaol;
28. á chur i bhfios go bhfuil radaíocht ultraivialait (UV) dofheicthe sa radaíocht ón ngrian, rud a d’fhéadfadh ailse chraicinn a bheith mar thoradh uirthi; ag tacú le neartú na cosanta i gcoinne nochtadh do radaíocht UV ar leibhéal an Aontais trí reachtaíocht

---

<sup>51</sup> Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip, IO L 152, 11.6.2008, lch. 1; 2022/0347(COD).

sábháilteachta d'oibrithe amuigh faoin aer;

29. á thabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse, in 2011, réimsí leictreamaighnéadacha radaimhnicíochta a aicmiú mar réimsí a d'fhéadfadh a bheith carcanaigineach do dhaoine, bunaithe ar riosca méadaithe glióma a bhaineann le húsáid fón póca; á thabhairt dá haire go bhfuil gá le staidéir bhreise chun na rioscaí gaolmhara sin a bhunú;
30. á iarraidh go gcuirfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit dlús leis an aistriú chuig earnálacha fuinnimh agus iompair inbhuanaithe agus aistriú i dtreo talmhaíocht inbhuanaithe agus córais bhia inbhuanaithe a áirithiú;
31. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cosc agus luath-idirghabháil NCD; á aithint go bhfuil a mbunús ag go leor galair neamhtheagmhálacha sa luathshaol<sup>52</sup> chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i straitéisí agus i gclár lena gcuirtear chun cinn sláinte na máthar agus fás agus forbairt shláintiúil leanaí, ó naíonachta agus na luathbhlianta;
32. á chur i bhfáth gur féidir le roinnt substaintí substaintí sárflhuarailcile agus pholafluorailcile (PFAS) a bheith ina gcúis le riochtaí tromchúiseacha leighis amhail murtall, diaibéiteas<sup>53</sup> agus ailse<sup>54</sup>; á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún togra srianta PFAS, a cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán an 13 Eanáir 2023<sup>55</sup>, a chur chun feidhme go práinneach, de réir cur chuige rioscabhunaithe;
33. á athdhearbhú go bhfuil nasc idir nochtadh ceimiceach agus roinnt galair neamhtheagmhálacha; ag tacú, dá bhrí sin, leis na bearta atá beartaithe sa straitéis ceimiceán le haghaidh na hinbhuanaitheachta agus leis an bplean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach chun nochtadh na saoránach do tháirgí ceimiceacha díobhálacha a laghdú, amhail substaintí carcanaigineacha, substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, substaintí só-ghineacha agus suaiteoirí inchríneacha, trí na conairí nochtá éagsúla go léir; á chur i bhfáth gur gá sláinte cheirde a áirithiú do gach oibrí san Aontas;
34. á chur in iúl gur oth léi cur chun feidhme mall na straitéise ceimiceán don inbhuanaitheacht, agus, go háirithe, á iarraidh an athuair go ndéanfaí athbhreithniú ar Rialachán REACH<sup>56</sup>, lena n-áirítear i gcomhréir le prionsabail na Rialála Níos Fearr chun go mbeifear in ann na substaintí uile ar údar inní iad a mhonaraítear nó a allmhairítear san Aontas a shainaithint; á iarraidh go dtabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar cheimiceáin a bhfuil éifeacht dhíobhálach acu ar shláinte na saoránach agus athbhreithniú á dhéanamh ar reachtaíocht ábhartha maidir le táirgí tomhaltais, amhail

<sup>52</sup> UNICEF, '[Non-communicable diseases](#)' [Galair neamhtheagmhálacha], Nollaig 2023.

<sup>53</sup> Clinical Trials Arena, '[High exposure to PFAS more than doubles risk of developing diabetes in women](#)' [Méadaíonn nochtadh ard do PFAS an baol níos mó ná faoi dhó go dtarlóidh diaibéiteas i measc na mban], Aibreán 2022.

<sup>54</sup> An Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, '[What are PFAS and how are they dangerous for my health?](#)' [Cad iad na PFASanna agus conas atá siad contúirteach do mo shláinte?].

<sup>55</sup> An Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, '[ECHA publishes PFAS restriction proposal](#)', [Foilsíonn ECHA togra maidir le srianta PFAS], 2023.

<sup>56</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, IO L 396 30.12.2006, lch. 1.

Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 maidir le hábhair a bhíonn i dteagmháil le bia<sup>57</sup> agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 maidir le táirgí cosmaideacha<sup>58</sup> chun a áirithiú nach mbeidh ceimiceáin i dtáirgí tomhaltais is cúis le hailse nó a dhéanann difear don chóras inchríneach i gcomhréir leis an straitéis ceimiceán le haghaidh na hinbhuanaitheachta; ag tacú go hiomlán leis an togra ón gCoimisiún chun Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú ceimiceán<sup>59</sup> a leasú chun aicmí guaise nua a thabhairt isteach maidir le, inter alia, suaiteoirí inchríneacha, lena n-áirítear suaiteoirí inchríneacha amhrasta, agus na ceanglais faisnéise sa reachtaíocht ábhartha uile a thabhairt cothrom le dáta chun gur féidir iad a shainiú;

35. á iarraidh go ndéanfaidh EEA tuarascáil a ullmhú, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, maidir le ceimiceáin sa chomhshaol san Eoraip; á thabhairt dá haire gur cheart measúnú a dhéanamh sa tuarascáil ar chineál sistéamach na gceimiceán díobhálach sa chomhshaol agus i sláinte an duine, ag díriú ar cheimiceáin agus ar shuaiteoirí inchríneacha atá carcanaigineach, só-ghineach agus/nó tocsaineach don atáirgeadh laistigh de chórais táirgthe agus tomhaltais na hEorpa, chomh maith lena n-úsáid i dtáirgí, a dtarlú sa chomhshaol san Eoraip agus an díobháil a dhéanann siad do shláinte an duine, go háirithe maidir le galair neamhtheagmhálacha;
36. á mheabhrú gur leagadh béim sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Chemicals strategy for sustainability towards a toxic-free environment [Straitéis Ceimiceán maidir le hinbhuanaitheacht i dtreo comhshaol atá saor ó thocsainí] ar an ngá atá le hoibrithe a chosaint ar na substaintí sin; á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar raon feidhme Threoir 2004/37/CE<sup>60</sup> a leathnú chuig suaiteoirí inchríneacha; á chur in iúl gur geall léi an cur chuige ‘Fís Nialais’ maidir le básanna a bhaineann leis an obair i gcreat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair don tréimhse 2021-2027; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, an líon teoranta substaintí ar tugadh aghaidh orthu sa straitéis;
37. á thabhairt dá haire, leis an modh oibre atá ann faoi láthair, nach gcuirtear ach cúig shubstaint faoi bhráid Choiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán gach bliain; á mholadh go ndéanfaí anailís agus taighde leanúnach ar shubstaintí nua a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad carcanaigineach, só-ghineach agus/nó tocsaineach don atáirgeadh, go mbunófaí OELanna d’oibreáin cheimiceacha nach ann dóibh go fóill agus go ndéanfaí athbhreithnithe tréimhsiúla nuair is gá sin i bhfianaise na sonraí eolaíochacha agus na bhforbairtí teicniúla is déanaí; á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún a uailmhian a mhéadú trí nuashonrú rialta a dhéanamh ar Threoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh

---

<sup>57</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir 89/109/CEE, IO L 338, 13.11.2004, lch. 4.

<sup>58</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (athmhúnlú), IO L 342, 22.12.2009, lch. 59.

<sup>59</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

<sup>60</sup> Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair, IO L 158, 30.4.2004, lch. 50.

do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an comhairliúchán leis an gCoiste Comhairleach um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair a leanúint chun a phlean gníomhaíochta a athbhreithniú chun luachanna OEL a bhaint amach do níos mó substaintí, grúpaí substaintí nó substaintí a ghintear le próisis faoi 2024; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur gá don Choimisiún cur leis an acmhainneacht chun OELanna a athbhreithniú agus cinn nua a chur leis;

38. á iarraidh go mbeadh cistiú poiblí leordhóthanach agus dreasachtaí soiléire agus comhréireacha ann d'infheistíocht phríobháideach i dtaighde eolaíoch ar an idirnasca idir CDanna agus galair neamhtheagmhálacha, mar thoradh ar an mainneachtain córasú sonraí eolaíoch maidir leis na hidirnasca sin a áirithiú agus cosc, luathdhiagnóisic, vacsaíniú agus/nó cóireáil CDCanna a chur chun cinn, as a n-eascaíonn galair neamhtheagmhálacha;
39. ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát oibriú i gcomhar le chéile d'fhonn SDGanna na Náisiún Aontaithe lena ndírítear ar CDanna a bhaint amach chun cosc galar neamhtheagmhálach, amhail ailse, a bhaineann le galair thógálacha a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi cláir vacsaínithe, i ndáil leis sin, amhail sa chomhrac i gcoinne tharchur papalómaivíreas daonna (HPV); á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit vacsaíní HPV inscne-neodracha a thabhairt isteach ina gcláir vacsaínithe; á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíochtaí comhordaithe lena ndírítear ar víris charcanaigineacha, amhail HPV agus víreas heipitíteas B (HBV), chun a dtarchur a chosc; á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhchuíbhíú méadaithe ar vacsaíniú HPV agus HBV laistigh de chlár náisiúnta na mBallstát, agus soláthar faisnéise maidir le vacsaíniú á áirithiú ag an am céanna agus rochtain chomhionann á cur chun cinn do ghrúpaí daoine fásta leochaileacha agus i mbaol; á mholadh go ndéanfaí faireachán rialta ar an vacsaíniú HPV agus HBV atá ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais trí úsáid a bhaint as córas rianaithe atá cosúil leis an rianaire vacsaíní COVID-19 a d'fhorbair an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), lena spreagfar na Ballstáit freisin dea-chleachtais a ghlacadh agus móiminteam a choinneáil;
40. á iarraidh go gcomhoibredh na Ballstáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun tionchar na mífhaisnéise ar vacsaíniú a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar an drogall roimh vacsaíní; á mholadh go gcuirfí Cód Cleachtais an Aontais maidir le bréagaisnéis i bhfeidhm ar bhealach níos láidre, go háirithe maidir le mífhaisnéis faoi vacsaíní;
41. á chur i bhfáth gur gá litearthacht sláinte a chur chun cinn tuilleadh maidir le rioscaí agus deitármanaint NCD, chomh maith le litearthacht dhigiteach, chun uirlisí oideachais don chosc a fhorbairt; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach, eisiata go sóisialta agus imeallaithe; á chur i bhfios go láidir go bhfuil feachtais shonracha múscailte feasachta do ghrúpaí a bhfuil riachtanais litearthachta sláinte ar leith acu bunriachtanach; á iarraidh go ndéanfaí cur chun feidhme na gclár coisc cuimsitheach trí rannpháirtíocht a thabhairt do réigiúin agus do bhordais, do shaoránaigh, do na comhpháirtithe sóisialta, don tsochaí shibhialta agus d'eagraíochtaí othar ag gach céim den phróiseas cinnteoireachta;

#### ***Nasc idir galair theagmhálacha agus galair neamhtheagmhálacha***

42. á thabhairt dá haire go bhféadfadh iarmhairtí neamhtheagmhálacha, ainsealacha a bheith



ag CDanna; á chur i bhfáth go raibh an ilghalracht, lena n-áirítear ionfhabhtú VEID, diaibéiteas, hipirtheannas, ailsí agus riochtaí riospráide ainsealacha, ina toisc riosca ar leith le linn phaindéim COVID-19; á mheas nach raibh cláir sláinte neamh-chomhtháite ina gcabhair do dhaoine atá ag fulaingt cheana féin ó ghalair neamhtheagmhálacha; á chur i bhfáth gur cheart cóireálacha speisialaithe a chomhtháthú i gcórais cúraim sláinte phríomhúil agus náisiúnta chun go mbeidh siad oiriúnach do phaindéimí a bheidh ann amach anseo agus dá n-iarbhairtí ainsealacha; á chur i bhfios go láidir an gaol déthreoch idir CDanna agus galair neamhtheagmhálacha, mar a chonacthas le linn phaindéim COVID-19, go háirithe i dtíortha ina bhfuil VEID/SEIF ard;

43. ag tacú le tuilleadh taighde ar fhorbairt vacsaíní agus roghanna cóireála nuálacha i gcoinne víris eile amhail víreas heipitíteas C agus VEID, mar thosca riosca do ghalair neamhtheagmhálacha; á mheas, idir an dá linn, gur cheart réitigh theiripeacha a úsáid go mór chun sprioc EDS maidir le heipitíteas C a dhíothú a bhaint amach faoi 2030; á mheas go bhfuil gá le tiomantas polaitiúil níos fearr agus le comhpháirtíocht agus comhoibriú láidir idir na húdaráis agus na gníomhaithe uile lena mbaineann chun sprioc EDS deireadh a chur le heipidéim VEID/SEIF a bhaint amach faoi 2030, lena n-áirítear san Eoraip; á iarraidh go ndéanfaidh na Ballstáit dlús a chur lena dtacaíocht chun a áirithiú gur féidir na saoránaigh uile, lena n-áirítear pobail leochaileacha atá i mbaol níos mó, a thástáil, a dhiagnóisiú agus rochtain thapa a bheith acu ar na roghanna cúraim nuálacha is fearr agus iad a choinneáil; ag spreagadh na mBallstát infheistíocht a dhéanamh i gcur chuige nuálach ardtionchair maidir le cosc a chur le chéile agus tacú leo mar phríomhuirlis bhreise chun deireadh a chur le heipidéim VEID san Eoraip; á thabhairt dá haire go bhfuil daoine a bhfuil VEID/SEIF orthu i mbaol suntasach go bhfaighidh siad COVID fadmharthanach (corrlach níos airde faoi 4);
44. ag cur béim ar an mborradh ar shiondróim ionfhabhtaithe iar-ghéarmhíochaine (PAIS) tar éis ionfhabhtuithe COVID-19, ar a dtugtar COVID fadmharthanach sa chás seo freisin; á thabhairt dá haire go dtarlaíonn PAIS freisin tar éis ionfhabhtuithe baictéaracha, víreasacha lena n-áirítear, i measc riochtaí eile monanúiclé-óis, galar Lyme, Ebola, póilió agus fliú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil pataigineas PAIS nasctha le heinceifealaimiailíteas miailgeach/siondróm tuirse ainsealaí (ME/CFS); á chur in iúl gur cúis bhuartha di, in ainneoin 65 mhiliún duine atá ag fulaingt le COVID fadmharthanach go dtí seo, agus in ainneoin brú ath-ionfhabhtaithe agus paindéimí a bheidh ann amach anseo, nar tugadh aghaidh i straitéis dhomhanda sláinte 2022 ar ainiarmhairtí paiteolaíochas iar-ghéarmhíochaine SARS-CoV-2 ná PAIS i gcoitinne; á iarraidh go ndéanfaidh an tAontas straitéis PAIS a fhorbairt;
45. á mheabhrú nach amháin nach mór don tslándáil sláinte dhomhanda bagairt láithreach galar tógálach a chur san áireamh, ach nach mór di freisin déileáil leis an bhfulaingt ainsealach fhadtéarmach mar thoradh air sin; á thabhairt dá haire go bhfuil na hidirghníomhaíochtaí idir CDanna agus galair neamhtheagmhálacha casta agus gur minic a dhéantar idirghabháil orthu trí fhachtóirí riosca comhroinnte; á mheas go dtagann méadú ar ghalracht, go háirithe i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, mar thoradh ar chómháireachtáil NCDanna agus CDanna;
46. á athdhearbhú gur féidir le maoiniú do thaighde agus do staidéir nua agus lena n-áirithítear córasú agus staidéar ar shonraí cuimsitheacha eipidéimeolaíochta, staidrimh agus eolaíochas eile maidir le galair neamhtheagmhálacha agus a n-idirnas le CDanna,

léargas nua a thabhairt ar na cúiseanna atá le galair neamhtheagmhálacha éagsúla, lena n-áirítear trí rioscaí iompraíochta agus comhshaoil nua a shainiú;

### ***Pobail ardriosca a shainiú agus NCDanna a dhiagnóisiú go luath***

47. á chur i bhfios nach ndéantar diagnóisiú ar go leor daoine atá ina gcónaí le galair neamhtheagmhálacha san Eoraip agus nach bhfuil siad ar an eolas faoin tinneas atá orthu, agus, dá bhrí sin, nach bhfaigheann siad cóireáil chuí thráthúil; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé daoine a shainiú a bhfuil ardriosca acu galair neamhtheagmhálacha a fhorbairt agus daoine a dhiagnóisiú a luaithe is féidir, mar shampla, trí chlár luathbhraite agus seiceálacha sláinte a chur chun feidhme ar leibhéal an chúraim phríomhúil, agus béim á leagan ar chur chuige cóireála comhsheasmhach agus éifeachtúil a mholadh chun bainistiú galar a fheabhsú, castachtaí a chosc agus costais iarteachtacha a shábháil do chórais cúraim sláinte, go háirithe do dhaoine aonair atá i mbaol; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé aire a thabhairt do leanaí agus do dhéagóirí, lena n-áirítear maidir lena meabhairshláinte;
48. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún samplaí de dhea-chleachtais a bhailiú maidir le scagthástáil le haghaidh galair neamhtheagmhálacha agus iad a bhrath go luath; á chur in iúl gur geal léi an moladh nuashonraithe ón gComhairle maidir le scagthástáil ailse agus á iarraidh go ndéanfaidh na Ballstáit é a chur chun feidhme go dícheallach;
49. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a samhlacha náisiúnta cúraim, agus béim á leagan ar chórais chúraim phríomhúil atá dírithe ar chosc agus ar uas-sciliú gairmithe cúraim phríomhúil;
50. á chur in iúl gur geal léi Plean Sáraithe Ailse na hEorpa; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an luathbhrath agus gur thug 25 Bhallstát cláir scagthástála daonrabhunaithe isteach le haghaidh ailse chíce, 22 le haghaidh ailse cheirbheacs agus 20 le haghaidh ailse cholaireicteach ina bpleananna náisiúnta rialaithe ailse in 2020<sup>61</sup>; á chur in iúl gur geal léi moladh 2022 ón gComhairle dar teideal ‘Cosc a neartú trí luathbhrath: Cur chuige nua an Aontais Eorpaigh maidir le scagthástáil ailse’; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé beartaithe líonra de chuid an Aontais a bhunú, mar a fógraíodh i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa, lena nasctar lárionaid chuimsitheacha ailse (ionaid tagartha) náisiúnta aitheanta i ngach Ballstát chun glacadh diagnóise agus cóireálacha ar cháilíocht dhearbhairthe a éascú, lena n-áirítear trí oiliúint i dtrialacha cliniciúla, taighde orthu agus cur chun cinn trialacha cliniciúla ar fud an Aontais;
51. á iarraidh go mbeadh dearcadh iomlánaíoch agus córasach ann maidir le galair neamhtheagmhálacha lena n-aithnítear na dúshláin idirnasctha atá roimh phobail ardriosca, amhail rochtain theoranta ar oideachas, spásanna glasa, bianna sláintiúla, deiseanna gníomhaíochta coirp, saoráidí cúraim sláinte, cáilíocht an aeir chuí agus tithíocht oiriúnach;
52. á iarraidh go n-oibreodh na Ballstáit le chéile, go háirithe i réigiúin trasteorann agus i limistéir iargúlta, chun éagothromaíochtaí sóisialta agus geografacha a laghdú i seirbhísí luathdhiagnóisithe NCD; ag spreagadh na mBallstát faisnéis a chur ar fáil go rialta don phobal maidir le riosca NCDanna agus maidir leis an ngá atá le seiceálacha agus

<sup>61</sup> An Coimisiún Eorpach, [‘Europe’s Beating Cancer Plan’](#), [Plean Sáraithe Ailse na hEorpa] lch.14.



scrúduithe rialta a dhéanamh chun iad a bhrath a luaithe is féidir;

53. ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc agus a bhainistiú cabhrú ualach na ngalar neamhtheagmhálach ar chórais cúraim sláinte a laghdú agus a n-athléimneacht a neartú i bhfianaise géarchéimeanna sláinte;
54. ag spreagadh na mBallstát feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte do phobail leochaileacha; ag spreagadh na mBallstát dul i ngleic leis na héagothromaíochtaí sláinte atá fréamhaithe i mbacainní riaracháin, tosca socheacnamaíocha agus dúshlán teanga agus chultúrtha; ag spreagadh na mBallstát galair neamhtheagmhálacha neamhdhiagnóisithe a laghdú trí sheiceálacha sláinte spriodhíithe a thabhairt isteach do dhaoine aonair ardriosca agus trí fhéinsampláil a chur chun cinn i gcás inarb iomchuí agus arna mholadh ag údaráis sláinte poiblí, agus aghaidh á tabhairt ar na príomhfhachtóirí riosca meitibileach comhroinnte amhail brú fola ard, glúcós fola ard, BMI ard agus colaistéaróil LDL ard; á iarraidh go dtacódh an Coimisiún agus na Ballstáit le forbairt agus úsáid uirlisí inrochtana, inacmhainne agus núiosacha chun galair neamhtheagmhálacha a dhiagnóisiú i bpobail atá i mbaol;
55. ag spreagadh na mBallstát rochtain thráthúil ar chúram ardcháilíochta a áirithiú agus tacú le féinbhainistiú othar NCD; á iarraidh go ndéanfaí uirlisí féinbhainistíochta inrochtana agus cothroma a chur chun feidhme, lena n-áirítear líonraí tacaíochta piaraí, ardáin cúraim chomhoibríoch agus seirbhísí meabhairshláinte, agus tosca amhail infhaighteacht seirbhísí agus teicneolaíochtaí digiteacha á gcur san áireamh;
56. á chur i bhfíor gur mó seans go bhfulaingeoideadh daoine a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu ó ghalair eile; á thabhairt dá haire go bhfuil roinnt galair neamhtheagmhálacha idirnasctha go mór amhail diaibéiteas, galair bhéil agus galair duánacha, murtall agus CVDanna, agus ailse agus dúlagar, agus go gcuireann na hidirnáise idir na riochtaí sin lena ngalracht agus lena mortlaíocht faoi seach; á thabhairt dá haire go bhfuil sineirgí tábhachtacha le baint amach trí dhiagnóisiú, luathbhrath, scagthástáil agus cúram comhtháite a fheabhsú<sup>62</sup>, i gcomhar le seirbhísí áitiúla sóisialta agus pobail, ós rud é gur minic a bhíonn riachtanais sláinte agus shóisialta fite fuaite ina chéile;
57. á iarraidh go dtabharfadh na Ballstáit aird níos mó ar aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhisiceacha agus shíceolaíocha a bhíonn ag galair neamhtheagmhálacha agus ar a gcóireáil, lena n-áirítear bainistiú péine agus rochtain othar agus cúram cúramóirí ar thacaíocht shíceolaíoch agus ar chúram maolaitheach agus tacúil, ina bpleananna náisiúnta sláinte;
58. á chur i bhfáth go bhfuil córais cúraim sláinte phoiblí atá ag feidhmiú, éifeachtúil, inrochtana agus cistithe go hiomchuí i ngach Ballstát rithábhachtach sa chomhrac i gcoinne galair neamhtheagmhálacha; á chur i bhfíor go láidir gur gá rochtain chomhionann ar chúram príomhúil agus ar chúram sláinte a áirithiú; á chur i bhfáth gur gá dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha maidir le rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte bunúsacha, ar sheirbhísí coisctheacha, ar chláir scagthástála agus ar chúram leanúnach agus ar chóireálacha, agus iarracht á déanamh chun go mbeidh fáil chothrom

---

<sup>62</sup> An Coimisiún Eorpach, '[Healthier together EU non-communicable diseases initiative](#)', 2022.[Tionscnamh an Aontais Níos Sláintiúla le Chéile maidir le Galair Neamhtheagmhálacha]

ar bhainistiú NCD ar ardchaighdeán ar fud limistéir gheografacha éagsúla laistigh de na Ballstáit; á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún machnamh ar mholtaí a mholadh maidir le caighdeán do sheirbhísí cúraim sláinte, agus urraim á tabhairt do fhreagrachtaí na mBallstát a mbeartais sláinte féin a shainiú agus a gcórais cúraim sláinte a bhainistiú, a eagrú agus a chistiú;

### ***Cúram sláinte NCD a fheabhsú***

59. á chur i bhfáth go bhfuil ról suntasach ag gairmithe cúraim sláinte, ag eagraíochtaí othar agus ag an tríú hearnáil i gcoitinne maidir le hothair a tharchur le haghaidh luaththástálacha diagnóiseacha agus cóir leighis a chur ar dhaoine le galair neamhtheagmhálacha; ag spreagadh na mBallstát rochtain leanúnach othar ar chúram príomhúil agus tánaisteach a áirithiú, agus oiliúint idirghairmiúil a thairiscint do ghairmithe cúraim sláinte chun daoine atá i mbaol a aithint ar bhealach níos fearr agus chun galair neamhtheagmhálacha a chosc, a shainiú agus a chóireáil ar bhealach níos fearr;
60. á thabhairt chun suntais gur féidir le cógas comhtháiteach atá aitheanta go heolaíoch agus atá formheasta ag na húdaráis sláinte poiblí dul chun tairbhe d’othair i dtaca leis na héifeachtaí a ghabhann le galair éagsúla, ar nós ailse, agus lena gcóireáil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur chuige iomlánaíoch agus comhtháiteach atá dírithe ar an othar a fhorbairt agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid chomhlántach na dteiripí sin a spreagadh faoi mhaoirseacht na ngairmithe cúraim sláinte;
61. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá chúram duinelárnach, leanúnach agus lán-chomhtháite a imscaradh ar fud chonair cúraim an ghalair ainsealach ar fad agus chúram pobail agus tosaíochta a neartú, agus béim á leagan ar ghalair neamhtheagmhálacha lena n-éilítear rochtain ar chúram ar fud speisialtachtaí agus leibhéal chúraim; ag spreagadh na mBallstát athbhreithniú a dhéanamh ar a samhlacha náisiúnta cúraim agus, de réir mar is iomchuí, iad a chur chun cinn chun na críche sin; á chur in iúl gur geal léi an cur chuige ‘atá dírithe ar othair’ i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa, agus, go háirithe, an tionscnamh suaitheanta faoi chlár EU4Health 2021-2027 chun cárta cliste a fhorbairt do dhaoine a tháinig slán ón ailse, i bhfoirm aip shoghluaiste, chun feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine ndaoine a tháinig slán ón ailse ar fud na hEorpa;
62. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá chúram sláinte inrochtana agus costéifeachtach, ionas go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní teoranta agus go gcuirfear ar fáil iad do na hothair is mó a bhfuil gá acu leo;
63. ag spreagadh na mBallstát chun rannpháirtíocht le heagraíochtaí othar agus le daoine a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu a leabú i ngníomhaíochtaí agus i dtionscnaimh a bhaineann le gníomhaíochtaí coisctheacha agus cúraim a cheapadh agus a chur chun feidhme;
64. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról luachmhar ag cógaslanna pobail maidir le seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil go leanúnach chun tacú le cóireáil NCDanna agus chun an pobal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas; á chur i bhfáth gur foinse faisnéise iontaofa agus ar féidir brath orthu iad cógaiseoirí; á mholadh gur cheart go mbeadh ról níos gníomhaí ag cógaiseoirí i ngníomhaíochtaí faireachais cógas chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht cógas agus á iarraidh go ndéanfaidh na Ballstáit

iad a áireamh ina gcláir sláinte, cúraim agus taighde; á iarraidh go dtabharfaí níos mó aitheantais do chógaslanna i gceantair thuaithe, ós rud é go gcuireann siad ar chumas na gceantar sin a ndaonraí a choinneáil agus folláine na saoránach a áirithiú;

65. á chur i bhfáth nach mór do straitéisí agus beartais chun aghaidh a thabhairt ar ghalair neamhtheagmhálacha tábhacht bhunúsach na n-oibrithe cúraim sláinte a chur san áireamh; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh an tsaincheist maidir le ganntanas lucht saothair cúraim sláinte san Aontas ar cheann de na tosaíochtaí straitéiseacha nach mór aghaidh a thabhairt orthu, le beartais agus tacaíocht ar an leibhéal iomchuí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an ganntanas foirne cúraim sláinte san Aontas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil ar an láthair mar fhreagairt; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún staidéar ar stádas reatha agus ar thionchar ghanntanas lucht saothair cúraim sláinte an Aontais; á chur i bhfáth nach féidir córais cúraim sláinte feidhmiúla agus éifeachtúla a bheith ann gan leibhéal iomchuí pearsanra a bhfuil an oiliúint agus an saineolas is gá acu; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé úsáid seirbhísí digiteacha a ghairiúil chun tacú le bearta cothromaíochta oibre is saoil d'fhoireann sláinte agus cúraim san Aontas;
66. á chreidiúint go bhfuil gach othar difriúil agus nach ionann aon NCD; á iarraidh go ndéanfaí galair neamhtheagmhálacha a chosc agus a chóireáil ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir le cur chuige pearsantaithe, comhtháite agus fianaise-bhunaithe atá saincheaptha don othar agus don ghalair; ag spreagadh na mBallstát tosaíocht a thabhairt d'oiliúint gairmithe cúraim sláinte chun a chur ar a gcumas tacú le hothair dul i mbun a gcóireálacha féin agus comhlíonadh teiripeach a fheabhsú;
67. á thabhairt dá haire go bhféadfadh tionchar diúltach suntasach a bheith ag galair neamhtheagmhálacha ar an meabhairshláinte agus á chur i bhfáth go bhfuil gá le cúram sláinte comhtháite d'othair lena mbaineann; á chur i bhfáth gur féidir le steiréitíopaí diúltacha a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha áirithe a bheith fritorthúil sa chúram sláinte agus sa chosc; á mheas go bhfuil bacainní éagsúla roimh gach othar maidir le cloí lena gcóireáil do ghalair neamhtheagmhálacha; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit raon cúrsaí oiliúna a thairiscint do ghairmithe cúraim sláinte maidir le hoideachas teiripeach a chur ar fáil d'othair; ag spreagadh na mBallstát oiliúint a chur ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte maidir le deitéarmanaint shóisialta agus chomhshaoil na sláinte agus maidir le hoideachas teiripeach othar agus comhar idirearnálach, agus soláthar seirbhísí a chomhtháthú agus a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá acu chun treoir iomchuí a chur ar fáil dá n-othair; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá oiliúint leanúnach do ghairmithe cúraim sláinte chun iad a choinneáil cothrom le dáta maidir le roghanna cóireála nua;
68. á iarraidh go nglacfaí straitéis de chuid an Aontais chun tionchair bagairtí tromchúiseacha sláinte ar dhaoine a ndéanann CDanna agus galair neamhtheagmhálacha agus galair nó riochtaí eile difear dóibh a thuar agus faireachán a dhéanamh orthu; á mholadh go bhféachfaí ar an bhféidearthacht cúlchiste éigeandála de speisialtóirí NCDanna Eorpacha a chruthú, a bheadh comhdhéanta de shaineolaithe NCD deonacha atá oile agus réidh le dul i mbun oibre chun cúram a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu in aon Bhallstát nó i dtír chomharsanachta le linn géarchéime;

69. á chur in iúl gur geal léi go mór réitigh dhigiteacha sláinte, amhail teilileigheas, ar féidir leo rochtain níos fearr ar chúram sláinte i gceantair thuaithe a chumasú agus othair imdhíon-sochta NCD a chosaint ó nochtadh do ghalair thógálacha; á thabhairt chun suntais go bhfuil teicneolaíochtaí sláinte digiteacha agus teilileigheas tairbhiúil i mbainistiú agus san obair leantach maidir le roinnt mhaith galar neamhtheagmhálacha;
70. ag spreagadh, i bhfianaise an athbhreithnithe atá ar na bacáin ar shainordú ECDC, cúraimí nua atá le tabhairt do ECDC, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar thionchar bagairtí tromchúiseacha sláinte ar mhórghalar neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear neamhoird mheabhreacha, agus measúnú a dhéanamh ar leanúnachas scagthástála, diagnóise, faireacháin, cóireála agus cúraim sa chóras cúraim sláinte, i gcomhordú le tacair sonraí, uirlisí agus cláir atá ann cheana;
71. á iarraidh go mbeadh cumarsáid fheabhsaithe ann idir gairmithe cúraim sláinte, othair, marthanóirí, cúramóirí, tuismitheoirí agus údarais phoiblí maidir le héifeachtacht agus sábháilteacht idirghabhálacha sláinte, go háirithe diagnóis agus cóireáil galar neamhtheagmhálach, agus go mbeadh feachtais feasachta mhéadaithe ann maidir le cosc le linn géarchéime;
72. á chur i bhfáth gur gá aitheantas a thabhairt do ról lárnach na gcúramóirí neamhfhoirmiúla, iad a chomhtháthú i bhfoirne sláinte agus cúraim agus an deis a thabhairt dóibh roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le bearta tacaíochta atá ar fáil, le tacaíocht ó ghairmithe cúraim sláinte; á aithint gur mhéadaigh an phaindéim COVID-19 ról rithabhachtach na gcúramóirí neamhfhoirmiúla, a chuireann an chuid is mó den chúram laethúil ar fáil d’othair NCD agus a bhfuil easpa soiléir tacaíochta praiticiúla agus beartais rompu; á thabhairt dá haire go bhfuil céatadán ard cúramóirí neamhfhoirmiúla i measc dhaonra an Aontais agus go bhfuil éagothromaíochtaí maidir leis an gcaoi a dtacaítear leo agus an chaoi a n-aithnítear a gcearta ar fud na mBallstát;
73. á thabhairt chun suntais go raibh iarmhairtí tromchúiseacha ag paindéim COVID-19 ar shláinte othar a bhfuil galair neamhtheagmhálacha acu mar gheall ar mhoilleanna agus cur isteach ar dhiagnóisic agus ar chóireálacha; á thabhairt chun suntais gur féidir le bagairtí tromchúiseacha sláinte brú mór a chur ar acmhainneachtaí na gcóras cúraim sláinte, agus tionchar diúltach a bheith acu ar sholáthar cúraim sláinte d’othair a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu, lena n-áirítear leanúnachas cúraim sláinte agus moill nó cur isteach ar chóireáil d’othair agus do dhaoine a bhfuil saincheisteanna meabhairshláinte ag baint leo<sup>63</sup>; á chur i bhfáth gur gá do na Ballstáit tionchar éigeandálaí sláinte poiblí ar sholáthar seirbhísí cúraim sláinte do ghalair agus do riochtaí eile a réamh-mheas agus faireachán a dhéanamh air; á chur i bhfáth an laghdú ar na deiseanna marthanais, na haimhréidheanna agus an meath breise ar cháilíocht saoil na n-othar mar thoradh ar rochtain mhoillithe ar chúram; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do chosc agus bainistiú NCD toisc go neartódh sé sin athléimneacht na gcóras cúraim sláinte agus go n-ullmhófaí iad do shuaitheadh amach anseo;
74. á mheabhrú, d’ainneoin deireadh a chur leis an gcuid is mó de na srianta a bhaineann le COVID-19, go bhfuil othair NCD fós i mbaol níos mó i gcás aon ionfhabhtú

---

<sup>63</sup> An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ‘Invisible numbers: the true extent of NCDs and what to do about them’ [Uimhreacha dofheicthe: Fíormhéid na ngalar neamhtheagmhálach agus a bhfuil le déanamh fúthu], 2022.

coróinvíris; á chur i bhfáth nach mór na hothair sin a chosaint ina saol laethúil agus, go háirithe, le linn rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte poiblí dá gcóireáil agus dá gcúram; á chur i bhfios go láidir gur gá ardleibhéal faireachais a choinneáil ar bun le haghaidh athraithe nua agus na treochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le COVID-19 agus aon CDanna eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'othair NCD;

### *Othair a chumhachtú*

75. á mheabhrú go bhfuil cumhachtú othar, litearthacht sláinte agus comhlíonadh cóireála ríthábhachtach do straitéis Eorpach NCD agus gur cheart cosc, laghdú ar thosca riosca iompraíochta, luathbhrath, cóireáil agus cúram a bheith dírithe ar an othar; ag spreagadh othair atá eolach agus atá rannpháirteach go gníomhach ina gcúram coisctheach féin a chur chun cinn, fachtóirí riosca iompraíochta agus cóireáil a laghdú, agus á iarraidh go gcuirfí oiliúint theiripeach ar chúramóirí agus ar othair agus go ndéanfaí iad a chumhachtú sna cláir chúraim, lena n-áirítear iad siúd a dhíríonn ar rioscaí a laghdú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cloí go teiripeach chun rátaí ospidéalaithe agus mortlaíochta a ísliú, agus chun an tionchar is fearr is féidir a bheith ag infheistíochtaí leighis; ag spreagadh na mBallstát oiliúint a chur ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte maidir le hoideachas teiripeach othar; ag spreagadh na mBallstát gníomhaíochtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar chomhlíonadh na cóireála chun tairbhí sláinte níos fearr a áirithiú ó infheistíochtaí i gcóireálacha NCD;
76. á iarraidh go gcuirfí cinnteoireacht rannpháirteach, le faisnéis phearsantaithe agus intuigthe fianaise-bhunaithe ar fáil d'othair, agus á iarraidh go dtacófar leis na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí sin chun othair a chumhachtú; á thabhairt dá haire, i gcás roinnt galair neamhtheagmhálacha, go bhfuil stiogma othar i suíomhanna cúraim sláinte fós ar cheann de na bacainní is mó ar dhiagnóisiú luath agus ar sholáthar cúraim agus bainistiú tráthúil, agus gur cheart an stiogma sin a chomhrac agus a mhaolú; á thabhairt chun suntais nach mór díriú ar an othar agus cinnteoireacht rannpháirteach a bheith i gcóilár na bpróiseas cóireála agus forbartha cúraim; spreagann sé forbairt cur chuige a cheadaíonn d'othair eolasacha atá páirteach go gníomhach ina gcóireáil féin;
77. á thabhairt dá haire gur gá díriú ar cháilíocht na beatha d'othair NCD nach féidir a gcuid tinnis a leigheas, ach go bhféadfaí bail sheasmhach a chur orthu; ag cur béim ar a thábhachtaí atá moltaí sonracha ón Aontas chun feabhas a chur ar cháilíocht saoil othar NCD, lena n-áirítear trí chúram cuimsitheach síceolaíoch tacúil a chomhtháthú i gcúram sláinte cuimsitheach, ag tosú leis an diagnóis agus ag leanúint ar aghaidh le linn an ghálair, agus trí rochtain a chur ar fáil ar ionaid tacaíochta speisialaithe agus ar uirlisí chun leanúint de chóireálacha a spreagadh, trí ionaid chuimsitheacha NCD a bhunú le foirne gairmiúla ildisciplíneacha, mar shampla;
78. ag tacú le réitigh nua-aimseartha, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha, atá dírithe ar othair a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu; ag cur béim ar an bhfíoras gur uirlisí thar a bheith úsáideach iad réitigh den sórt sin — amhail línte cabhrach nó feidhmchláir shoghluaiste atá ar fáil d'othair agus dá dteaghlaigh chun cabhrú leo an fhaisnéis is gá a fháil maidir le nósanna imeachta agus cad is ceart a dhéanamh nuair a bhraitear an galar, mar aon le cóireálacha agus dátaí scrúduithe — lena simplítear an próiseas cóireála agus lena n-éascaítear an saol d'othair;

79. á mheas nach mór aghaidh a thabhairt ar éagthromaíochtaí réigiúnacha maidir le rochtain ar chúram sláinte; á chur i bhfáth gur gá breathnú ar mhodhanna nuálacha chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú, amhail clinicí soghluaiste, foirne atá tráma-feasach agus abhcóidí piaraí, d'fhonn cur chuige pearsantaithe atá dírithe ar an othar a chothú maidir le cosc agus cóireáil NCDanna;
80. á chur i bhfáth nár cheart d'othair NCD fulaingt tuilleadh i ngnéithe eile dá saol laethúil mar gheall ar a tinneas, ós rud é gurbh ionann é sin agus 'pionós dúbailte'; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí treoracha maidir le seirbhísí airgeadais a chur chun feidhme go cothrom, amhail an Treoir maidir le Creidmheas Tomhaltóirí<sup>64</sup>, gan idirdhealú a dhéanamh in aghaidh othair NCD agus marthanóirí;
81. á mholadh do na Ballstáit teaghlaigh agus gaolta othar NCD atá traochta go minic a chur san áireamh agus cúnamh a chur ar fáil dóibh, go háirithe do na daoine is leochailí, le linn an ghalair, agus tacaíocht mhéala achur ar fáil dóibh; ag spreagadh áiteanna oibre chun deiseanna scíthe a chruthú san ionad oibre; ag spreagadh, thairis sin, scéimeanna tacaíochta comhtháite, leormhaithe agus inrochtana a fhorbairt d'othair NCD agus dá dteaghlaigh, lena gcuirtear seirbhísí sláinte, pobail agus sóisialta san áireamh;
82. á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag cúramóirí neamhfhoirmiúla, a sholáthraíonn formhór a gcúram laethúil d'othair le NCDanna agus a bhfuil easpa tacaíochta acu; á iarraidh go ndéanfaid na Ballstáit cúrsaí oiliúna agus cláir chúraim theiripigh a chur ar bun do chúramóirí, cáilíochtaí a dheonú agus a scileanna a aithint;
83. á aithint go bhfuil ról lárnach ag cumainn neamhspleácha othar agus cúramóirí maidir le habhcóideacht agus tionlacan othar, na seirbhísí a sholáthraítear d'othair NCD agus dá gcúramóirí, scaipeadh na litearthachta sláinte, ardú feasachta agus tacaíocht leanúnach; á iarraidh go ndéanfaid an Coimisiún agus na Ballstáit saineolas agus rannpháirtíocht fhoirmiúil na gcomhlachas sin a chur san áireamh, chomh maith lena moltaí, agus beartais agus reachtaíocht NCD á gceapadh acu;

***Nuálaíocht a chothú chun dlús a chur le forbairt teicneolaíochta agus cógas leighis atá éifeachtach, inrochtana agus inacmhainne***

84. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún maidir leis an bpacáiste cógaisíochta; á iarraidh go neartófaí margadh na gcógas leighis Eorpach chun rochtain chomhionann agus inacmhainne ar chógas leighis agus ar chóireálacha nuálacha a áirithiú, lena n-áirítear cógas leighis phearsantaithe, ar fud an Aontais, chun ganntanais cógas a mhaolú, chun an fhadhb maidir le praghsanna arda ar theicneolaíochtaí agus cóireálacha nuálacha a shárú, chun úsáid cógas cineálach agus bithshamhlach a spreagadh, chun a áirithiú go mbeidh rochtain thráthúil agus chothrom ag gach othar ar fud an Aontais ar chógas leighis atá sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne, agus bacainní ar ghnó trasteorann a laghdú, agus dreasachtaí le haghaidh infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht á neartú ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir gur uirlisí iad cearta maoinne intleachtúla agus cosaint sonraí rialála, i measc nithe eile, chun seasamh leis an

<sup>64</sup> Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle, IO L 133, 22.5.2008, lch. 66.



iomaíochas san Aontas trí nuálaithe a dhreasú chun táirgí nua agus iarrachtaí taighde leanúnacha a fhorbairt; á mheabhrú nach mór úsáid an chistithe phoiblí a ailíniú le leas an phobail agus nach mór coinníollacht amhail trédhearcacht, inrianaitheacht agus inrochtaineacht a áireamh inti; á thabhairt dá haire gur féidir le sainmhíniú cúng ar ‘riachtanais leighis nár riaradh’ dochar a dhéanamh d’fhorbairt teiripí tábhachtacha do dhaoine a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu;

85. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 89/105/CEE<sup>65</sup> ón gComhairle maidir le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsanna táirgí íocshláinte chun grinnscrúdú agus trédhearcacht éifeachtach a áirithiú maidir leis na nósanna imeachta a úsáidtear chun praghas agus méid na haisíocaíochta cógas a chinneadh, agus faisnéis tráchtála rúnda agus cearta maoinne intleachtúla á n-urramú ag an am céanna;
86. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit rannchuidiú le cur chun feidhme rún 2019 ó EDS maidir le trédhearcacht margáí cógas, vacsaíní agus táirgí sláinte eile a fheabhsú;
87. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinnet (IPCEI) maidir le Sláinte chun tacú leis an nuálaíocht agus feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim agus ar an rochtain ar chúram d’othair Eorpacha; á mheas gur cheart go n-éascódh IPCEI maidir leis an tSláinte forbairt teicneolaíochtaí nuálacha agus níos glaise, teiripí géine agus ceall AMR, agus nuálaíocht i gcóireálacha straitéiseacha;
88. á iarraidh go ndéanfaidh na Ballstáit bacainní beartais ar chúram barrmhaith NCD a shainaithint agus a bhaint, feabhas a chur ar chomhlíonadh treoirlínte cliniciúla agus an baol aimhréidh a laghdú;
89. á thabhairt dá haire go ndéanann ganntanais cógas difear d’othair NCD agus go bhfuil mórshuaitheadh ar sholáthar a gcóireálacha an-díobhálach dóibh, dá gcúramóirí agus dá dteaghlaigh; á chur i bhfáth gur gá oibriú le chéile chun ganntanais na gcógas leighis agus na dtáirgí leighis uile agus na gcógas leighis NCD go háirithe a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear ganntanais cógas leighis neamhchostasach, bunriachtanach in aghaidh galair neamhtheagmhálacha;
90. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le Gníomh um Leigheasra Criticiúla chun tacú le monarú glas agus digiteach Eorpach cógas criticiúil, comhábhar gníomhach cógaisíochta agus comhábhar idirmheánach chun slabhraí soláthair cógaisíochta an Aontais a éagsúlú agus chun neamhspleáchas straitéiseach cógas criticiúil a áirithiú, mar aon leis an athbhreithniú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais;
91. á iarraidh go ndéanfaí slabhra soláthair na gcógas a threisiú agus a éagsúlú, agus go ndéanfaí dlúthfhairéachán ar theannas soláthair agus ar ghanntanais; á chur i bhfáth a

---

<sup>65</sup> Treoir 89/105/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsanna táirgí íocshláinte le húsáid ag an duine agus maidir lena gcur faoi raon feidhme córas árachais sláinte náisiúnta, IO L 40, 11.2.1989, lch. 8.

thábhachtaí atá ról na gcleachtas soláthair inbhuanaithe chun ganntanas cógas a chosc;

92. ag spreagadh tuilleadh infheistíochta sa taighde agus san fhorbairt lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar chuspóirí a bhaineann le leas an phobail, trí acmhainní chreatchlár an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht a mhéadú chun táirgí leighis a chur ar fáil; ag athdhearbhú a seasaimh, a glacadh i rúin roimhe seo<sup>66</sup>, go bhféadfadh nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh a bheith ina n-uirlis chun ganntanais a chomhrac agus chun feabhas a chur ar inacmhainneacht cóireálacha ar leibhéal an Aontais agus ar an rochtain orthu; á mheabhrú gur cheart comhaontuithe soláthair comhpháirteacha a dhéanamh ar bhealach trédhearcach, tráthúil agus éifeachtach; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur cheart céimeanna soiléire agus trédhearcacha a shainiú don phróiseas, don raon feidhme, don tairiscint, do shonraíochtaí, d'amlínte agus d'fhoirmiúlachtaí;
93. á chur in iúl gur geal léi comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí chun an nuálaíocht sa chúram sláinte a neartú; ag cur sonrú i gComhoibriú Eorpach um Nuálaíocht Sláinte, lena gcuirtear an fhiontraíocht agus an nuálaíocht chun cinn in earnáil an chúraim sláinte agus lena dtugtar le chéile lucht acadúil, taighde agus tionscal chun comhoibriú agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí sláinte a chothú; á mholadh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chothú agus dlús a chur leo; á thabhairt chun suntais acmhainneacht na hearnála sláinte príobháidí, go háirithe maidir lena ról comhlántach i ndáil le rialú galar agus cúram sláinte;
94. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá nuálaíochtaí chun feabhas a chur ar bhrath, ar dhiagnóisiú, ar bhainistiú agus ar chóireáil galar neamhtheagmhálach agus á thabhairt chun suntais go bhfuil feabhas tagtha ar thorthaí cliniciúla agus nós imeachta agus ar cháilíocht saoil na ndaoine a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu mar thoradh ar theicneolaíochtaí leighis ardcháilíochta a fhorbairt;
95. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit mol bonneagair Eorpach um thaighde agus um fhorbairt Leigheasra a chruthú a d'oibreodh bunaithe ar thosaíochtaí arna leagan síos ag na pobail eolaíochta agus ag na húdaráis sláinte poiblí chun taighde, forbairt agus monarú a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don chúram sláinte, chun tacú leis an Aontas teipeanna margaidh a shárú, agus béim á leagan ar chóireálacha agus cúram NCD a fheabhsú;
96. á iarraidh go bhféachfadh an Coimisiún agus na Ballstáit an bhféadfaí gnóthas cógaisíochta neamhbhrabúsach Eorpach amháin nó níos mó a chruthú, a d'fheidhmeodh ar mhaithe le leas an phobail chun cógais a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do chúram sláinte a mhonarú, in éagmais táirgeadh tionsclaíoch atá ann cheana, chun slándáil an tsoláthair a chomhlánú agus a ráthú agus chun ganntanais cógas a

---

<sup>66</sup> Rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Iúil 2023 maidir le paindéim COVID-19: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí, P9\_TA(2023)0282; an 16 Feabhra 2022 maidir leis an Eoraip a neartú sa chomhrac i gcoinne na hailse — i dtreo straitéis chuimsitheach chomhordaithe, IO C 342, 6.9.2022, lch. 109; an 24 Samhain 2021 maidir le straitéis chógaisíochta don Eoraip, IO C 224, 8.6.2022, lch. 47; an 17 Meán Fómhair 2020 maidir leis an nganntanas cógas leighis — conas aghaidh a thabhairt ar fhadhb atá ag teacht chun cinn, IO C 385, 22.9.2021, lch. 83.

93.



d'fhéadfadh a bheith ann i staideanna éigeandála a chosc;

97. á chur i bhfáth gur gá rochtain ar fheistí leighis atá ann cheana a áirithiú agus tacaíocht do riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu agus infheistíocht iontu a neartú chomh maith le feistí leighis nuálacha, táirgí íocshláinte, seirbhísí sláinte agus réitigh dhiagnóiseacha agus chóireála a fhorbairt agus rochtain a fháil orthu a luaithe is féidir; á chur i bhfáth gur gá tacú le digitiú na seirbhísí náisiúnta cúraim sláinte a rannchuidíonn le cáilíocht, éifeachtúlacht agus inrochtaineacht níos fearr do na hothair a bhfuil siad ag teastáil uathu; á chreidiúint gur féidir le teicneolaíochtaí agus digitiú rannchuidiú le bainistiú agus cóireálacha nua agus níos fearr do ghalair neamhtheagmhálacha chomh maith le cáilíocht saoil níos fearr do dhaoine a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu; á thabhairt dá haire, áfach, go bhfuil glacadh mall le feistí leighis faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis<sup>67</sup> atá ann faoi láthair agus faoin Rialachán maidir le Feistí Diagnóiseacha In Vitro<sup>68</sup> agus á chur in iúl gur geal léi cur i bhfeidhm forálacha áirithe a chur ar athló; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht ar riachtanais shonracha na n-earnálacha feistí leighis pédiatraiceacha agus dílleachtacha agus aon leasuithe reachtacha is gá a mholadh chun soláthar leanúnach a áirithiú do na grúpaí othar sin;
98. á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit infheistíocht leanúnach sa nuálaíocht atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar ghalair neamhtheagmhálacha; á iarraidh go n-ionchorprófaí cur chuige cothrom le haghaidh straitéisí cúraim sláinte dhigitigh; á thabhairt dá haire, ina leith sin, gur cheart cáilíocht agus sábháilteacht na teicneolaíochta a áirithiú agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí ó thaobh rochtana de;
99. á thabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag baint le húsáid na hintleachta saorga, na hanailise algartamaí ‘mórshonraí’ agus na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha eile i ndiagnóisiú agus i gcinnteoireacht NCD sna blianta amach romhainn; á chur i bhfios go láidir go gcuideoidh an teaghlaim d’fhíorshonraí, de shamhaltú matamaiticiúil, den intleacht shaorga agus d’uirlisí digiteacha go mór le cóireálacha nuálacha a fhorbairt ar bhealach níos costéifeachtúla; ag tathant ar na comhpháirtithe cur chun feidhme uile a bheith san airdeall i gcónaí i dtaobh phrionsabail an phríobháideachais agus na slándála sonraí, na muiníne, na trédhearcachta, na n-otharlárnachta agus rannpháirtíocht na n-othar;

### ***Feasacht, taighde agus comhroinnt eolais***

100. á chreidiúint go bhfuil gá le saineolas, sonraí, cláir oiliúna, uirlisí cumarsáide agus deachleachtais fhianaise-bhunaithe a chomhroinnt i measc na mBallstát chun dlús a chur le bearta coisctheacha éifeachtacha agus cleachtais nuálacha agus chun feabhas a chur ar bhainistiú NCDanna, ar cháilíocht an chúraim agus ar thorthaí sláinte, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha;
101. á chur i bhfáth go bhfuil sonraí agus fianaise ar ardchaighdeán ríthábhachtach chun tacú le beartais fhianaisebhunaithe agus spriocdhírthe a fhorbairt ar mhaithe le sláinte

<sup>67</sup> Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, IO L 117, 5.5.2017, lch. 1.

<sup>68</sup> Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro, IO L 117, 5.5.2017, lch. 176.

fheabhsaithe; á thabhairt dá haire go dtacófar le beartais fhianaisebhunaithe agus spriocdhírthe a fhorbairt trí shonraí sláinte a chomhghaolú le sonraí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil, agus trí ghnéithe a neartú, lena n-áirítear gnéithe cothromais<sup>69</sup> na gcóras faireacháin sláinte atá ann cheana;

102. á mheas gur uirlis é an Spás Eorpach Sonraí Sláinte atá ar na bacáin a d'fhéadfadh rannchuidiú leis na sonraí bunúsacha a neartú le haghaidh beartas sláinte poiblí fianaisebhunaithe agus cothromas sláinte; á aithint nach mór iarrachtaí bailithe sonraí a dhíriú ar gach NCD trí raon leathan comhtháscairí, amhail leitheadúlacht, minicíocht, básmhaireacht, ualach sláinte agus eacnamaíocht sláinte; ag spreagadh na mBallstát teicneolaíochtaí ríomhshláinte, teilileigheas agus seirbhísí teileachúraim a chur chun feidhme nó a fheabhsú chun leanúnachas cúraim d'othair chónaitheacha agus d'othair sheachtracha chomh maith le cúram pobail a áirithiú;
103. ag spreagadh na mBallstát teicneolaíochtaí ríomhshláinte, teilileigheas agus seirbhísí teileachúraim a chur chun feidhme nó a fheabhsú chun leanúnachas cúraim d'othair chónaitheacha agus d'othair sheachtracha chomh maith le cúram pobail a áirithiú; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh cistiú taighde Fís Eorpach tacú le teilileigheas a úsáid agus cabhrú le treoirlínte fianaise-bhunaithe a bhunú; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí chun rochtain ar sheirbhísí teilileigheas a áirithiú, agus á thabhairt dá haire go bhféadfadh cistiú don Eoraip Dhigiteach tacú le méadú ar an litearthacht dhigiteach d'othair agus do ghairmithe cúraim sláinte;
104. á iarraidh go ndéanadh an Coimisiún comhpháirtíochtaí NCD de chuid an Aontais a bhunú, de réir mar is iomchuí; á chreidiúint go bhféadfadh comhpháirtíochtaí den sórt sin Ballstáit agus údaráis náisiúnta a thabhairt le chéile chun treochláir agus tograí nuálacha a dhreachtú chun gníomhaíochtaí éifeachtacha agus spriocdhírthe a áirithiú i gcoinne galair neamhtheagmhálacha;
105. á iarraidh go dtacódh an Coimisiún leis an Lárionad Eolais Sláinte Eorpach chun feabhas a chur ar thaighde ar ghair neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear na hidirnáise idir CDanna agus galair neamhtheagmhálacha agus bailiú sonraí inchomparáide, láidre maidir le galair neamhtheagmhálacha ar leibhéal an Aontais, cost-éifeachtúlacht na straitéisí coisctheacha a leagan amach agus infheistíocht a spreagadh sa réimse, lena n-áirítear sineirgí agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an Spás Eorpach Sonraí Sláinte atá ar na bacáin; ag spreagadh na mBallstát dea-chleachtais maidir le cosc, bainistiú agus cúram galar neamhtheagmhálacha a mhalartú i bhfóraim ábhartha; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh taighde maidir le comhghalracha agus bainistiú NCDanna; á iarraidh go ndéanadh na Ballstáit clárlanna sonraí a bhaineann go sonrach le NCDanna a chur i bhfeidhm, agus á thabhairt dá haire go bhfuil gá le sonraí oscailte maidir le galair neamhtheagmhálacha;
106. á chur in iúl gur geal léi Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le Sláinte Phoiblí agus an foghrúpa maidir le NCDanna; á iarraidh go ndéanadh an Coimisiún an grúpa a leathnú chuig saineolaithe othar; á iarraidh go ndéanadh an Coimisiún líonra Eorpach saineolaithe a bhunú chun comhghalracha agus castachtaí NCD a chosc agus a rialú,

---

<sup>69</sup> An Coimisiún Eorpach, '[Healthier together EU non-communicable diseases initiative](#)'. [Tionscnamh an Aontais Níos Sláintiúla le Chéile maidir le Galair Neamhtheagmhálacha]

lena n-áirítear saineolaithe othar, bunaithe ar shamhail na Líonraí Tagartha Eorpacha;

107. á aithint go bhfuil ról ag an Aontas maidir le tacú leis an tsláinte dhomhanda, lena n-áirítear i ndáil leis an méadú idirnáisiúnta ar ghalair neamhtheagmhálacha; ag tathant, mar sin, go n-áireofaí le straitéis dhomhanda sláinte an Aontais cuspóirí amhail tacú le straitéis dhomhanda EDS chun deireadh a chur le hailse cheirbheacsach , i gcomhréir le sprioc an Aontais deireadh a chur le hailsí HPV;

o

o o

108. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is galair iad galair neamhthógálacha (NCDanna) nach gcuirtear ar aghaidh ó dhuine go duine agus bíonn siad ina gcúis le 90 % de na básanna ar fad san Aontas Eorpach<sup>1</sup>. Tiocfaidh méadú ar ualach NCDanna mar gheall ar riachtanais sláinte an daonra atá ag dul in aois agus beidh sé ina dhúshlán mór do chórais sláinte na hEorpa agus don mhargadh saothair mar gheall ar chailteanas táirgiúlachta, rud a d'fhéadfadh ganntanas lucht saothair a mhéadú. Ní mór dúinn beart a dhéanamh chun básanna anabái a chosc, cáilíocht saoil na saoránach a fheabhsú agus iomaíochas an Aontais a áirithiú.

Básanna anabái, an dóchúlacht gan choinníoll go bhfaighidh daoine bás idir 30–69 mbliana d'aois, mar gheall ar ghalair chardashoithíocha (CVDanna), ailsí, diaibéiteas agus galair riospráide ainsealacha (CRD) is cúis le 68 % de na básanna anabái go léir san Eoraip.

Trí fheabhas a chur ar chur chun cinn na sláinte agus ar chosc galar, is féidir leitheadúlacht NCDanna a laghdú oiread agus is 70 %<sup>2</sup>. Méadaíonn fachtóirí inchoiscthe amhail úsáid tobac, neamhghníomhaíocht choirp, mí-úsáid alcóil, aistí bia míshláintiúla agus tosca comhshaoil amhail truailliú aeir, bia, uisce agus ithreach chomh maith le nochtadh ceimiceach an riosca a bhaineann le NCDanna. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, gníomhaíochtaí a neartú chun cosc a chur chomh maith le droch-nósanna codlata agus sláinte béil a aithint mar fhachtóirí inchoiscthe.

Tá sé tábhachtach daoine a bhfuil ardriosca ag baint leo maidir le NCD a fháil a shainaitheint agus daoine a dhiagnóisiú

a luaithe is féidir chun bainistiú galar a fheabhsú, deacrachtaí a chosc agus costais a laghdú do chórais cúraim sláinte. Dá bhrí sin, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun galair neamhtheagmhálacha neamhdhiagnóisithe a laghdú trí fheasacht a mhúscailt agus seiceálacha sláinte spriocdhírthe a dhéanamh ar dhaoine aonair ardriosca. Tá sé tábhachtach freisin a thabhairt faoi deara go bhfuil dlúthnasc idir roinnt NCDanna amhail diaibéiteas agus galair chardashoithíocha (CVDanna) agus go bhfuil sineirgí tábhachtacha le baint amach trí dhiagnóisiú agus cúram comhtháite a fheabhsú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfead feabhas ar shonraí agus ar thaighde in NCD, go háirithe i gcomhghalachtaí agus i mbainistíocht NCD chomh maith le hoiliúint a chur ar ghairmithe cúraim phríomhúil chun daoine ardriosca a shainaitheint ar bhealach níos fearr agus le NCDanna a chóireáil.

Ina theannta sin, tá sé an-tábhachtach dreasachtaí a neartú le haghaidh infheistíochtaí sa nuálaíocht maidir le teicneolaíochtaí, cógais agus cleachtais cúraim sláinte a fhorbairt, rud atá ríthábhachtach chun a áirithiú go gcuirfead deireadh leis an díobháil nó go laghdófar í de bharr tosca riosca inchoiscthe agus cóireálacha nua agus níos fearr le haghaidh NCDanna. Tá sé tábhachtach freisin feabhas a chur ar eolas agus ar chomhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit chun dlús a chur le bearta coisctheacha éifeachtacha agus le cleachtais nuálacha. I ndáil leis an méid sin, ba cheart don Choimisiún comhpháirtíochtaí NCDanna an Aontais a bhunú.

<sup>1</sup> <https://www.who.int/europe/publications/i/item/WHO-EURO-2021-4479-44242-62494>.

<sup>2</sup> [https://health.ec.europa.eu/system/files/2022-06/eu-ncd-initiative\\_publication\\_en\\_0.pdf](https://health.ec.europa.eu/system/files/2022-06/eu-ncd-initiative_publication_en_0.pdf): leathanach 15.

**IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE  
ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR**

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach na Rapóirtéirí. Fuair na Rapóirtéirí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>
Novo Nordisk A/S
International Diabetes Federation European Region
Platform for Better Oral Health
The European Society of Intensive Care Medicine
European Cancer Organisation
European Federation of Pharmaceutical Industries Associations
EUROCARE
The Health Policy Partnership
The Heart Failure Policy Network
European Hearth Network
European Chronic Disease Alliance
The European Brain Council
Insightec Ltd.
Haleon
Nobody Left Outside Initiative
Transforming Breast Cancer Together
Mental Health Europe
European Public Health Alliance
European Thrombosis and Haemostasis Alliance

22.9.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuir an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir le galair neamhtheagmhálacha  
(2023/2075(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Karsten Lucke

### MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- ag féachaint d’Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina luaitear, go páirteach, nach mór don Aontas cuspóirí an chomhair um fhorbairt a chur san áireamh sna beartais a chuireann sé chun feidhme ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do thíortha i mbéal forbartha,
- ag féachaint do ráiteas comhpháirteach ón gComhairle an 30 Meitheamh 2017 agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach dar teideal ‘The New European consensus on Development’ [An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt]<sup>72</sup>,
- ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),
- ag féachaint do rún uaithi an 15 Meitheamh 2023 ar chur chun feidhme agus seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe<sup>73</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 12 Iúil 2023 maidir le paindéim COVID-19: ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí don todhchaí<sup>74</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2023 maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt<sup>75</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 6 Deireadh Fómhair ar ról an bheartais forbartha sa

---

<sup>72</sup> IO C 210, 30.6.2017, lch. 1.

<sup>73</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2023)0250.

<sup>74</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2023)0282.

<sup>75</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2023)0071.

fhreagairt do chailliúint na bithéagsúlachta i dtíortha atá i mbéal forbartha, i gcomhthéacs bhaint amach Chlár Oibre 2030<sup>76</sup>,

- ag féachaint don rún uaithi an 27 Deireadh Fómhair 2015 maidir le géarchéim Ebola: na ceachtanna fadtéarmacha agus conas córais sláinte a neartú i dtíortha atá i mbéal forbartha chun géarchéimeanna a chosc amach anseo<sup>77</sup>,
- ag féachaint do rún uaithi an 20 Bealtaine 2021 maidir le dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo deireadh a chur le SEIF mar bhagairt ar an tsláinte phoiblí faoi 2030, agus maidir le héagothromaíochtaí ina leith sin a chomhrac<sup>78</sup>,
- ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 2022 maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (COM(2022)0305),
- ag féachaint do rún uaithi an 14 Meitheamh 2023 maidir le slándáil bia agus athléimneacht fhadtéarmach thalmhaíocht AE a áirithiú<sup>79</sup>,
- ag féachaint don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 2022 maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (COM(2022)0305),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 30 Samhain 2022 dar teideal ‘EU Global Health Strategy – Better Health for All in a Changing World’ [Straitéis Sláinte Domhanda AE – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú (COM(2022)0675)],
- ag féachaint do Theachtairacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal ‘Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc – le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol’ (COM(2020)0381),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’ (COM(2019)0640),
- ag féachaint do Rún 68/300 ó na Náisiúin Aontaithe an 17 Iúil 2014 dar teideal ‘Doiciméad toraidh ón gcuinníú ardleibhéil den Chomhthionól Ginearálta maidir leis an athbhreithniú agus measúnú cuimsitheach ar an dul chun cinn atá déanta maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc agus a rialú’,
- ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta Domhanda 2013-2020 na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) an 27 Bealtaine 2013 ar cuireadh síneadh leis go dtí 2030,
- ag féachaint do Dhearbhú Polaitiúil 66/2 ó na Náisiúin Aontaithe an 24 Eanáir 2012 de chruinniú ardleibhéil an Chomhthionóil Ghinearálta maidir le galair

---

<sup>76</sup> IO C 132, 24.3.2022, lch. 2.

<sup>77</sup> IO C 355, 20.10.2017, lch. 2.

<sup>78</sup> IO C 15, 12.1.2022, lch. 1.

<sup>79</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2023)0238.

neamhtheagmhálacha a chosc agus a rialú,

- ag féachaint do thuarascáil EDS an 16 Feabhra 2023 dar teideal ‘Sainmhíniú cáis chliniciúil ar dhálaí iar-COVID-19 i leanaí agus i ndéagóirí trí chomhthoil saineolaithe’,
  - ag féachaint do thuarascáil EDS an 6 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal ‘A clinical case definition of post COVID-19 conditions by a Delphi consensus’ [Sainmhíniú cáis chliniciúil ar dhálaí iar-COVID-19 trí chomhthoil Delphi],
  - ag féachaint do Thuarascáil 49/43 ó na Náisiúin Aontaithe ón Rapóirtéir Speisialta maidir leis an gceart chun bia, Michael Fakhri, an 30 Nollaig 2021 dar teideal ‘Seeds, right to life and farmers’ rights’ [Síolta, ceart chun na beatha agus cearta feirmeoirí],
  - ag féachaint do Thuarascáil 46/33 ón Rapóirtéir Speisialta maidir leis an gceart chun bia, Michael Fakhri, an 24 Nollaig 2020 dar teideal ‘Right to food’ [An ceart chun bia],
  - ag féachaint do Rún 39/12 ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 28 Meán Fómhair 2018 maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a oibríonn i gCeantair Thuaithe,
  - ag féachaint do Rún 61/295 ó na Náisiúin Aontaithe an 2 Deireadh Fómhair 2007 maidir le Cearta na bPobal Dúchasach,
- A. de bhrí gur ceart bunúsach de chuid an duine é an ceart chun an caighdeán is airde sláinte coirp agus meabhrach a theachtadh, ar ceart é atá i gcomhréir le forálacha Airteagal 25 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine; de bhrí go bhfuil an ceart sin á dhiúltú do bhreis agus an cúigiú cuid de dhaonra an domhain; de bhrí go n-iarrtar le hAirteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ardleibhéal cosanta do shláinte an duine i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais; de bhrí go bhfuil galair neamhtheagmhálacha, nó galair ainsealacha, ina gcúis le bás 41 mhilliún duine gach bliain agus gurb iad is cúis le 74 % de gach bás ar fud an domhain; de bhrí go bhfuil daoine sa Domhan Theas faoi thionchar díréireach, agus de réir mheastacháin na hEagraíochta Domhanda Sláinte, go dtarlaíonn 77 % de gach bás anabái ó ghalair neamhtheagmhálacha i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim; de bhrí gur minic a bhíonn nasc idir galair neamhtheagmhálacha agus míchumas ainsealach a bhaineann le breoiteacht; Le SDG 3, iarrtar go ndéanfar saol sláintiúil a áirithiú agus folláine a chur chun cinn do gach duine idir óg agus aosta. de bhrí go bhfuil sé d’aidhm ag SDG 3.4 maidir le galair neamhtheagmhálacha agus leis an meabhairshláinte, atá idirnasctha leis na SDGanna thar SDG 3, laghdú aon trian a dhéanamh ar bhásmhaireacht anabái ó na ceithre phríomhbhraisle NCD: galar cardashoithíoch, ailse, galar riospráide ainsealach agus diaibéiteas;
- B. de bhrí gur féidir iarmhairtí neamhtheagmhálacha ainsealacha a bheith ag galair theagmhálacha, agus gurb é sin an fáth a bhfuil gá le feabhas a chur ar rochtain ar dhiagnóisiú, ar chóireáil agus ar chúram NCDanna i dtíortha i mbéal forbartha; de bhrí gur toisc riosca ar leith í an ilghalracht, lena n-áirítear ionfhabhtú VEID, diaibéiteas, hipirtheannas, ailís agus riochtaí riospráide ainsealacha le linn phaindéim COVID-19; de bhrí nach raibh cláir sláinte neamh-chomhtháite ina gcabhair do dhaoine atá ag fulaingt cheana féin ó ghalair neamhtheagmhálacha; de bhrí gur cheart cóireálacha



speisialaithe a chomhtháthú i gcúram sláinte príomhúil agus i gcórais cúraim sláinte náisiúnta chun go mbeidh siad oiriúnach do phaindeimí a bheidh ann amach anseo agus dá n-iarmaid a ainsealacha; de bhrí go bhfuil daoine le VEID/SEIF i mbaol suntasach COVID fada a tholgadh (riosca ceithre huairé níos mó), go háirithe iad siúd a bhfuil lagú neurocognaíoch orthu; de bhrí, ní hamháin nach mór don tslandáil sláinte dhomhanda bagairt láithreach galar tógálach a chur san áireamh, ach go gcaithfidh sí aghaidh a thabhairt freisin ar fhulaingt fhadtéarmach ainsealach mar thoradh uirthi; de bhrí go mbíonn idirghníomhaíochtaí idir galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha casta agus go ndéantar idirghabháil orthu go minic trí fhachtóirí riosca comhroinnte; de bhrí go bhfuil galair neamhtheagmhálacha agus galair theagmhálacha ann le chéile, go háirithe in LMICanna;

- C. de bhrí go bhfuil srianta tromchúiseacha ar thíortha i mbéal forbartha maidir le maoiniú cúraim sláinte, go háirithe maidir le galair neamhtheagmhálacha; de bhrí go raibh galair iar-thógálacha, nó siondróm ionfhabhtaithe iar-ghéarmhíochaine (PAIS), ar eolas ar feadh i bhfad agus go bhfuil siad ina gcúis le míchumas ainsealach tar éis an fhliú, Ebola, fiabhras deinge, póilió, chikungunya, víreas Epstein-Barr nó monanúiclé-óis, galar Lyme, Ebola, póilió agus fliú; borralóis nó galar Lyme, giardiasis nó lambliasis agus eile; de bhrí go bhfuil próifílí comharthaí comhchosúla i gcoiteann ag gach PAIS, in ainneoin gur oibreáin thógálacha éagsúla is cúis leo; de bhrí go molann forluí na siomptóim sna PAIS sin go léir, go háirithe forbairt einceifealaimiaíleas mialgeach/siondróm tuirse ainsealaí (ME/CFS), pataiginéis choiteann; de bhrí go bhfuil aird agus cistiú le haghaidh taighde ar na hiarmhairtí ainsealacha sin tearcailteanta agus gan mórán taighde déanta ina leith; de bhrí go n-eascaíonn breoiteacht iar-thógálach as maláire freisin ar féidir cur síos a dhéanamh air mar staid athlastach ainsealach ina bhfuil cosúlachtaí le ME/CFS; de bhrí go bhforbraíonn roinnt othar siondróm maláire iar-néareolaíoch; de bhrí go bhfuil Zika ina chúis le siomptóim ainsealacha toisc go leanann sé de bheith i bhfoirmeacha folaigh, rud is cúis le tinneas iar-thógálach; de bhrí go bhfuil PAIS níos ábhartha fós ó phaindeim COVID-19, ós rud é gur breoiteacht iar-thógálach é COVID-19, nó ainriarmhairtí paiteolaíoch a iar-ghéarmhíochaine de SARS-CoV-2 (PASC), a dhéanann difear do 65 mhilliún duine ar a laghad ar fud an domhain; de bhrí go bhforbraíonn líon suntasach othar atá buailte le COVID-19 fadmharthanach ME/CFS agus go léiríonn siad cosúlachtaí le hothair eile PAIS; de bhrí go gcuireann COVID fadmharthanach as féin ualach suntasach ar chórais cúraim sláinte dhomhanda agus ar gheilleagair náisiúnta; de bhrí, cé gur dócha go leanfaidh PAIS le paindeimí atá ar na bacáin, nach dtugtar aghaidh i straitéis sláinte dhomhanda 2022 AE ar COVID fada ná ar PAIS i gcoitinne; de bhrí nach féidir ‘galair thromchúiseacha’ a bheith san áitreamh in PAIS mar gheall ar leitheadúlacht fhoriomlán ME/CFS amháin agus gur cinnte nach féidir ó thús ardleitheadúlacht COVID fadmharthanach; de bhrí gur cheart go ndíreodh beartas AE maidir le comhar um fhorbairt ar chur chuige cuimsitheach agus comhtháite lena dtugtar aghaidh ar fhachtóirí riosca iolracha agus ar dheitéarmanaint NCDanna i dtíortha comhpháirtíochta, agus breithniú á dhéanamh ar thosca sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil atá ábhartha do gach comhthéacs sonrach; de bhrí gur toisc thábhachtach é cumhdach sláinte uilíoch chun NCDanna a chos agus a chóireáil;
- D. de bhrí go bhfuil nasc idir galair neamhtheagmhálacha agus an bhochtaineacht toisc go gcuireann siad bac ar thionscnaimh laghdaithe bochtaineachta trí sciar na gcostas teaghlaigh do chúram sláinte a mhéadú; de bhrí gur gnách go mbíonn cóireáil fhadtéarmach i gceist le cóireálacha le haghaidh NCDanna ar deacair rochtain a fháil

orthu agus a mbíonn tionchar suntasach acu ar bhuiséid teaghlaigh; de bhrí nach amháin go bhfuil nasc idir galair neamhtheagmhálacha agus ró-bhásmhaireacht, ach freisin le fulaingt ó ghalracht, ó mhíchumas a bhaineann le galair ainsealacha agus ó ualaí socheacnamaíocha méadaithe ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh, lena n-áirítear bochtaineacht mar gheall ar chóireáil fhadtéarmach agus costais cúraim agus caillteanas táirgiúlachta; de bhrí go gcuireann sé sin isteach go mór ar ioncaim teaghlaigh agus go gcuireann sé isteach ar gheilleagair náisiúnta, rud a fhágann go gcuireann NCDanna leis an mbochtaineacht agus leis an ocras;

- E. de bhrí go gciallaíonn cúram, cosc agus cóireáil leormhaith a chur ar fáil d’othair a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu nach mór aghaidh a thabhairt ar go leor dúshlán, amhail rochtain neamhleor ar chúram leighis, ar shaoráidí cúraim sláinte agus ar ghairmithe cúraim sláinte, chomh maith le heasnaimh i struchtúir cúraim sláinte, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha; de bhrí gur nochtadh le paidéim COVID-19 infheistíocht neamhleor sa lucht saothair cúraim sláinte agus gur léirigh sí conas a bhí córais sláinte neamhullmhaithe chun freagairt do ghéarchéim sláinte dhomhanda; de bhrí go ndíríonn córais sláinte LMICanna ar ghéarbhreoteacht mar gheall ar a laigí; de bhrí, mar thoradh air sin, gur minic a bhíonn bearnaí mar shaintréith de thuras an othair, bíodh sin ag an gcéim dhiagnóiseach, le linn cóireála nó mar gheall ar gan a bheith ag cloí le teiripe; de bhrí gur minic a bhíonn cosc in easnamh sna córais sin; de bhrí gur chuir paidéim COVID-19 brú méadaitheach ar an meabhairshláinte, go háirithe i measc daoine óga agus iad siúd a bhfuil meabhairghalar orthu cheana féin;
- F. de bhrí go n-áirítear ar na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe an bhochtaineacht a chomhrac, lena n-áirítear rochtain ar riachtanais bhunúsacha dhaonna na sláinte, gan ocras, lena n-áirítear táirgeadh inbhuanaithe bia a bhunú, agus folláine, lena n-áirítear córais sláinte níos fearr agus níos inrochtana chun ionchas saoil a mhéadú; de bhrí go bhfuil tionchar suntasach ag slándáil agus oideachas bia ar an tsláinte i réimse na NCDanna; de bhrí, go ginearálta, taobh le hionfhabhtuithe agus tosca riosca iompraíochta atá idirnasctha le tosca socheacnamaíocha agus de réir EDS, gurb ionann an t-athrú aeráide, aerthruailliú agus galair neamhtheagmhálacha agus roinnt de na bagairtí is tromchúisí ar an tsláinte dhomhanda, agus sin an fáth nach mór cur chuige na hAon Sláinte Amháin a bheith ina chinnteacht lárnach chun rioscaí sláinte a chosc agus a chomhrac;
1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di leitheadúlacht ard NCDanna mar chúis le básmaireacht iomarcach agus galracht; á chur i bhfios go láidir nach dtugtar aird leormhaith ar ghalair neamhtheagmhálacha ar fud an domhain agus go n-eascraíonn iarmhairtí uafásacha ar leith as in LMICanna; á chur i bhfios go láidir gur gá aird níos polaitiúla a thabhairt ar an tsláinte i gcoitinne agus ar shlándáil sláinte dhomhanda agus go bhfuil gá le tacaíocht airgeadais agus béim ar leith á leagan ar ghalair neamhtheagmhálacha, go háirithe ós rud é gur féidir a bheith ag súil le níos mó paidéimí ina bhfuil galair ainsealacha iarthógálacha; á iarraidh ar AE oibriú go gníomhach i gcomhar le EDS agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile agus a bheith gníomhach ar an leibhéal idirnáisiúnta i ndáil leis sin, chun cur chuige iomchuí agus comhordaithe a ráthú; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina n-iarrachtaí na naoi sprioc dheonacha de chuid na Náisiún Aontaithe agus EDS a bhaint amach faoi 2025, chomh maith le sprioc 3.4 maidir le forbairt inbhuanaithe, a bhfuil sé mar aidhm leis an ráta básmaireachta anabái ó ghalair

neamhtheagmhálacha a laghdú aon trian faoi 2030 agus an mheabhairshláinte agus an fholláine a chur chun cinn;

2. á chur in iúl gur geal léi straitéis sláinte dhomhanda 2022 an Choimisiúin dar teideal ‘Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú’, lena gcuirtear béim go háirithe ar Threoirphrionsabal 2 lena gcuirtear cur chuige cuimsitheach chun cinn, lena n-áirítear rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte, cosc galar, cóireáil inacmhainne ar ardchaighdeán, athshlánú agus cúram maolaitheach chun galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha a chomhrac; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le cur chuige aontaithe agus comhtháite chun ualach NCDanna a laghdú; á chur i bhfios go láidir gur féidir leitheadúlacht NCDanna a laghdú oiread le 70 % trí chúram sláinte agus galair a chosc ina n-aonar;
3. ag cur béim ar an gcaidreamh déthreoch idir galair theagmhálacha agus galair neamhtheagmhálacha, mar a chonacthas le linn phaindéim COVID-19, go háirithe i dtíortha ina bhfuil ardleitheadúlacht VEID/SEIF; á iarraidh ar an gCoimisiún cláir shnáimha a chomhtháthú le cúram sláinte príomhúil, mar a mholtar i dtuarascáil Chomhaireamh Síos 2030 NCD a foilsíodh in 2022<sup>80</sup>; ag cur béim, dá bhrí sin, ar an ról tábhachtach atá ag pointí cúraim idirdhisciplíneacha agus ar an ngá atá leo; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit tacú le tíortha atá i mbéal forbartha sna hiarrachtaí taighde agus bailithe sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar leitheadúlacht, ar thosca riosca agus ar thionchar NCDanna i ndaonraí éagsúla, chun cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a chumasú agus idirghabhálacha spriocdhírithé a cheapadh; á chur i bhfios go láidir gur gá réitigh a dhearadh agus a mhéadú do phobail ardriosca, atá teoranta ó thaobh acmhainní de agus imeallaithe;
4. ag cur béim ar an mborradh atá tagtha ar PAIS tar éis ionfhabhtuithe COVID-19, ar a dtugtar COVID fadmharthanach sa chás seo freisin; ag tabhairt faoi deara go dtarlaíonn PAIS freisin tar éis ionfhabhtuithe baictéaracha, víreasacha agus seadánacha eile, i measc nithe eile monanúiclé-óis, galar Lyme, Ebola, póilió agus fliú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil pataigineas PAIS nasctha le ME/CFS; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, in ainneoin gur fhulaing 65 mhiliún duine de dheasca COVID fadmharthanach go dtí seo agus in ainneoin brú athionfhabhtaithe agus riosca paindéimí a bheidh ann amach anseo, nach dtugtar aghaidh i straitéis sláinte dhomhanda 2022 ar ainiarmhairtí paiteolaíochá iar-ghéarmhíochaine SARS-CoV-2 ná PAIS i gcoitinne; á iarraidh ar an Aontas, ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh ón bpaindéim, tosaíocht a dhéanamh de PAIS agus straitéis AE maidir le PAIS a fhorbairt, a bheidh inchomparáide le plan sáraithe ailse na hEorpa agus le straitéis AE maidir le meabhairshláinte, agus straitéis PAIS a leathnú chuig an tslándáil sláinte dhomhanda, lena n-áirítear i gcur chun feidhme na straitéise sláinte domhanda;
5. á chur i bhfáth go bhfuiltear ag súil go n-ardóidh costais dhaonna agus airgeadais NCDanna, ós rud é gur dóchúla go ndéanfaidh galair eile difear dóibh siúd atá thíos leo; á iarraidh ar EDS níos mó maoinithe a chur ar fáil do thaighde agus d’fhorbairt vacsaíní agus cógas do ghalair neamhtheagmhálacha agus rochtain ar chógaí inacmhainne, bhunriachtanacha a éascú; á mheabhrú gur féidir acmhainní ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a úsáid freisin i gcúram sláinte; ag

---

<sup>80</sup> Is comhiarracht é Comhaireamh Síos NCD 2030 ó EDS, Comhaontas NCD, Imperial College agus *The Lancet*. Foilsíonn Comhaireamh Síos NCD tuarascálacha débhlíantúla.

tathant ar AE cláir a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar ghalair neamhtheagmhálacha ainsealacha agus thromchúiseacha trína áirithiú go mbeidh cógais, teicneolaíochtaí agus diagnóisic bhunriachtanacha ar fáil agus inrochtana in ospidéal cheantair araon;

6. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le nuálaíocht theicneolaíoch agus eagraíochtúil, chomh maith le comhar iltaobhach fadtéarmach comhordaithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé d'aidhm ag Treoirphrionsabal 2 den straitéis sláinte dhomhanda a áirithiú go ndéanfar vacsaíní, cóireálacha agus diagnóisic atá nuálach a fhorbairt agus a úsáid le haghaidh galair thógálacha agus neamhtheagmhálacha atá nua, forleathan nó a ndéantar faillí iontu, lena n-áirítear trí chistiú ó Fhís Eorpach agus ón gComhpháirtíocht Sláinte Dhomhanda idir an tAontas Eorpach agus an Afraic maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha (EDCTP3) le haghaidh taighde, fothú acmhainneachta agus neartú na timpeallachta rialála san Afraic fho-Shahárach; á iarraidh ar Fhoireann na hEorpa an cur chuige sin a chur chun feidhme, agus béim á leagan ar NCDanna.
7. ag meabhrú leitheadúlacht ard PAIS i dtíortha an Domhain Theas; á iarraidh go dtacófaí le comhpháirtíochtaí comhair i dtaighde agus nuálaíocht chógaisíochta agus go gcruthófaí líonraí chun sonraí agus torthaí taighde maidir le PAIS a mhalartú agus go dtacófar le cógais a fhorbairt do gach PAIS; á chur in iúl gur geal léi comhpháirtíochtaí fadtéarmacha amhail idir Institut Pasteur de Dacár sa tSeineagáil agus an Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht Ullmhachta d'Eipidéime (CEPI) agus á iarraidh ar Fhoireann na hEorpa na comhpháirtíochtaí sin a chumasú freisin le haghaidh NCDanna agus go háirithe PAIS trí thionscnaimh na Tairsí Domhanda; ag tarraingt aird ar an ngá atá le comhroinnt eolais agus bailiú sonraí, scagadh agus luathbhrath galar agus le diagnóisic agus cóireáil a bhainistiú; ag cur béim ar an bhfíoras go dtugann samhlacha gnó nuálacha an deis chun dreasachtaí a chruthú d'othair agus do sholáthraithe seirbhíse chun cláir choisc a chur i gcrích; á iarraidh go mbeadh comhar ann le tíortha atá i mbéal forbartha sa réimse sin; á iarraidh freisin go dtabharfaí tacaíocht d'acmhainneacht táirgthe cógaisíochta áitiúil agus phoiblí i dtíortha i mbéal forbartha;
8. á mheabhrú gur réamhriachtanas í an tsláinte d'fhorbairt an duine; á chur i bhfáth gur gá córais cúraim sláinte a neartú i dtíortha comhpháirtíochta agus tacaíocht a chur ar fáil chun cláir NCD a chomhtháthú i gcórais náisiúnta sláinte poiblí nuachóirithe, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh i gcláir forbartha acmhainní chun scileanna agus eolas gairmithe cúraim sláinte, taighdeoirí agus lucht ceaptha beartas a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na galair neamhtheagmhálacha; á chur i bhfios go láidir, go háirithe, gur féidir ról a bheith ag oideachas agus oiliúint gairmithe cúraim sláinte i dtíortha i mbéal forbartha agus go háirithe sna tíortha is lú forbairt (LDCanna) maidir le torthaí sláinte a fheabhsú; á iarraidh, dá bhrí sin, ar AE tacú le hinfeistíocht in oideachas agus scileanna sláinte i dtíortha i mbéal forbartha;
9. á mheabhrú gurb é tosaíocht 2 de straitéis dhomhanda sláinte na hEorpa 'córais sláinte a neartú agus cumhdach sláinte uilíoch a chur chun cinn', arb é sin an fáth ar gá cistí poiblí breise a shlógadh agus gur cheart aird ar leith a thabhairt ar ghníomhaíocht choisctheach agus ar dhiagnóiseach, agus gur féidir le cuir chuige atá dírithe ar an bpobal na gnéithe sin a éascú;
10. á chur i bhfáth go bhfuil an bhochtaineacht ar cheann de na bunchúiseanna agus ceann

de na hiarmhairtí a bhaineann le galar fadtéarmach, ainsealach, fulaingt agus stiogma, lena n-eisiatar iad siúd atá buailte ó dheiseanna fostaíochta agus a mbíonn leithlisiú sóisialta mar thoradh air; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, gur gá níos mó béime a chur ar ghalair neamhtheagmhálacha i gcúnamh forbartha don tsláinte agus ar thacú le córais chothrománacha cúraim sláinte príomhúil ar bhealach cothrom lena n-áiríthear cosaint rioscaí airgeadais; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh cúram sláinte príomhúil inrochtana agus inacmhainne ag gach duine, rud a chiallaíonn freisin feabhas a chur ar bhonneagar sláinte agus dul i ngleic le srianta ar rochtain ar chógais agus ar vacsaíní; á chur in iúl gur cúis bhuartha di infheistíocht a dhéanamh in ospidéal bhrabúsacha sa Domhan Theas agus á iarraidh ar Fhoireann na hEorpa coimircí a fhorbairt lena n-áiríthear rochtain chothrom ar chúram sláinte i gcásanna ina bhfuil cistí forbartha AE i gceist; á chur i bhfios go láidir nach leor an tacaíocht do chúram sláinte príomhúil chun a áirithiú go ndéanfar NCDanna a bhainistiú, ach i bhfianaise leitheadúlacht ard na NCDanna, nach mór tuilleadh feasachta, oiliúna pearsanta leighis agus sciar níos mó den chúnamh forbartha a thiomnú do NCDanna;

11. á iarraidh go n-éascófar rochtain ar sheirbhísí sláinte bunriachtanacha agus go neartófar beartas sláinte domhanda i réimsí an luathrabhaidh, an choisc agus na feasachta, chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaineann leis an tsláinte a bhaint amach agus i gcomhréir leis an straitéis dhomhanda sláinte a leanann cur chuige bunaithe ar chearta an duine chun rochtain ar an tsláinte ag grúpaí leochaileacha a áirithiú freisin i gcomhthéacs tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine agus tionchar an athraithe aeráide; á iarraidh go gcuirfí an cur chuige sin atá bunaithe ar chearta an duine chun feidhme, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar ghalair neamhtheagmhálacha agus ar shiondróm iarthógálacha a ndearnadh faillí orthu go dtí seo;
12. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé cosc a chur ar ghalair neamhtheagmhálacha; á chur i bhfáth gur gá tacú le tíortha atá i mbéal forbartha chun oideachas a chur ar phobail faoi na tosca riosca agus na straitéisí coiscthe do ghalair neamhtheagmhálacha trí fhaisnéis a scaipeadh trí bhealaí inchreidte éagsúla;
13. ag meabhrú scála fhadhb na mífhaisnéise sláinte agus an bhaoil a d'fhéadfadh a bheith ann do bheatha an duine mar gheall air sin, mar a tháinig chun solais le linn phaindéim COVID-19; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le tionscadail, uirlisí agus beartais a fhéachann le mífhaisnéis sláinte a chomhrac; á iarraidh, thairis sin, ar EDS tuilleadh feasachta agus faisnéise a chur chun cinn sa chomhrac i gcoinne galair neamhtheagmhálacha amhail ailse agus diaibéiteas, chomh maith le cosc breise a chur ar mhí-úsáid substaintí;
14. ag cur béim ar thionchar na timpeallachta maireachtála ar an tsláinte agus ar chosc NCDanna; á mheabhrú go bhfuil cur chuige na hAon Sláinte Amháin ag an gcomhéadan idir sláinte éiceolaíoch, sláinte ainmhithe agus sláinte an duine; á iarraidh ar AE gealltanas a thabhairt go ndéanfar cur chuige ‘na hAon Sláinte Amháin’ a dheardh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta trí EDS, trí eagraíochtaí réigiúnacha agus trí na Ballstáit, go háirithe sa chaibidlíocht a bhaineann leis an gconradh paindéime atá beartaithe agus leis an straitéis sláinte dhomhanda; ag tathant ar Fhoireann na hEorpa, i ndáil leis sin, prionsabal an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt mar a chumhdaítear in Airteagal 208 CFAE a mheabhrú agus cur chuige ‘na hAon Sláinte Amháin’ a chur i gcuntas i gclársceidealú

agus i ngníomhaíocht sláinte, lena n-áirítear i réimsí trasnacha amhail bithéagsúlacht, talmhaíocht agus timpeallacht shláintiúil mhaireachtála;

15. á chur i bhfáth go bhfuil sé i gceist le ‘sláinte chothrománach’ a bhaint amach trí chur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar chearta aghaidh a thabhairt go hiomlán ar nádúr ilghnéitheach na sláinte ar bhonn chur chuige na hAon Sláinte Amháin; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar mór inní di, go bhfuil tionchar ollmhór ag truailléin sa chomhshaol ar an tsláinte dhomhanda, go háirithe in LMICanna; á iarraidh ar AE cúnaimh a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha, go háirithe LMICanna agus TLFanna, agus tús áite á thabhairt do chosc galar trí infheistíocht a dhéanamh i mbainistiú an truaillithe, lena n-áirítear trí straitéisí maidir le rochtain ar fhuinneamh glan, iompar glan agus éifeachtúil, rialú astaíochtaí tionsclaíocha agus úsáid fhóna ceimiceán; ag tabhairt dá haire gur straitéis an-éifeachtach ó thaobh costais de é sin chun sláinte an daonra a fheabhsú, chun an t-ualach ar acmhainní teoranta sláinte a laghdú agus chun forbairt náisiúnta a chur chun cinn.



## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Dáta an ghlactha</b>	20.9.2023
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 14 -: 1 0: 4
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Dominique Bilde, Christophe Clergeau, Ryszard Czarnecki, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Michèle Rivasi, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Frances Fitzgerald, Marlene Mortler, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Róza Thun und Hohenstein

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

14	+
ECR	Ryszard Czarnecki
PPE	Hildegard Bentele, Frances Fitzgerald, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Marlene Mortler, Janina Ochojska
Renew	Stéphane Bijoux, Róza Thun und Hohenstein
S&D	Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho

1	-
ID	Bernhard Zimniok

4	0
ID	Dominique Bilde
The Left	Miguel Urbán Crespo
Verts/ALE	Erik Marquardt, Michèle Rivasi

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh:

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

<b>Dáta an ghlactha</b>	7.11.2023
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 63 -: 2 0: 5
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	João Albuquerque, Catherine Amalric, Mathilde Androuët, Maria Arena, Margrete Auken, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Maria Angela Danzi, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Pietro Fiocchi, Emmanouil Fragkos, Helène Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Andreas Glueck, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Adam Jarubas, Karin Karlsbro, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Fulvio Martusciello, Lydie Massard, Liudas Mažylis, Marina Mesure, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolores Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Nikos Papandreou, Jutta Paulus, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjård, Erik Poulsen, Nicola Procaccini, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraiki, Nils Torvalds, Edina Tóth, Achille Variati, Anders Vistisen, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Matteo Adinolfi, Stefan Berger, Biljana Borzan, Mercedes Bresso, Milan Brglez, Martin Buschmann, Cristian-Silviu Buşoi, Catherine Chabaud, Asger Christensen, Dacian Cioloş, Christophe Clergeau, Deirdre Clune, Gilbert Collard, Antoni Comín i Oliveres, Rosanna Conte, Beatrice Covassi, Gianantonio Da Re, Ivan David, Margarita de la Pisa Carrión, Anna Deparnay-Grunenberg, Estrella Durá Ferrandis, Giuseppe Ferrandino, Laura Ferrara, Cindy Franssen, Claudia Gamon, Jens Gieseke, Sunčana Glavak, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Martin Häusling, Romana Jerković, Irena Joveva, Radan Kanev, Karol Karski, Billy Kelleher, Ska Keller, Martine Kemp, Ondřej Knotek, Kateřina Konečná, Stelios Kypourouopoulos, Danilo Oscar Lancini, Norbert Lins, Marisa Matias, Sara Matthieu, Radka Maxová, Dace Melbārde, Nuno Melo, Marlene Mortler, Dan-Ştefan Motreanu, Ulrike Müller, Dan Nica, Max Orville, Demetris Papadakis, Aldo Patriciello, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, João Pimenta Lopes, Rovana Plumb, Manuela Ripa, Michèle Rivasi, Robert Roos, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Salini, Christel Schaldemose, Andrey Slabakov, Vincenzo Sofo, Tomislav Sokol, Susana Solís Pérez, Nicolae Ştefănuţă, Annalisa Tardino, Hermann Tertsch, Róza Thun und Hohenstein, Grzegorz Tobiszowski, Marie Toussaint, István Ujhelyi, Inese Vaidere, Idoia Villanueva Ruiz, Nikolaj Villumsen, Sarah Wiener, Jadwiga Wiśniewska
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Marie Dauchy, Nicolaus Fest, Juan Ignacio Zoido Álvarez

### VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA

## SA CHOISTE FREAGRACH

63	+
ECR	Pietro Fiocchi, Joanna Kopcińska, Alexandr Vondra
NI	Maria Angela Danzi, Edina Tóth
PPE	Traian Băsescu, Hildegard Bentele, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Stelios Kypouropoulos, Esther de Lange, Peter Liese, Marian-Jean Marinescu, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Massimiliano Salini, Tomislav Sokol, Maria Spyrali, Pernille Weiss, Juan Ignacio Zoido Álvarez
Renew	Catherine Amalric, Pascal Canfin, Catherine Chabaud, Andreas Glueck, Jan Huitema, Irena Joveva, Karin Karlsbro, Erik Poulsen, Susana Solís Pérez, Nils Torvalds, Emma Wiesner, Michal Wiezik
S&D	João Albuquerque, Maria Arena, Marek Paweł Balt, Biljana Borzan, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Estrella Durá Ferrandis, Cyrus Engerer, Hélène Fritzon, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Nikos Papandreou, Achille Variati
The Left	Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Kateřina Konečná, Marina Mesure, João Pimenta Lopes, Mick Wallace
Verts/ALE	Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Pär Holmgren, Ska Keller, Lydie Massard, Tilly Metz, Ville Niinistö, Jutta Paulus, Michèle Rivasi

2	-
ECR	Robert Roos
ID	Nicolaus Fest

5	0
ECR	Teuvo Hakkarainen
ID	Aurélia Beigneux, Marie Dauchy, Catherine Griset
NI	Ivan Vilibor Sinčić

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh